Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14248/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0373(COD)**

**ENV 1129**
**MI 862**
**IND 535**
**CONSOM 367**
**COMPET 996**
**MARE 22**
**PECHE 439**
**RECH 452**
**SAN 593**
**ENT 215**
**ECOFIN 1053**
**CODEC 1895**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 645 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le caillteanas millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 645 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 645 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.10.2023
COM(2023) 645 final

2023/0373 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le caillteanas millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú**

{SEC(2023) 346 final} - {SWD(2023) 330 final} - {SWD(2023) 332 final} - {SWD(2023) 333 final}

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

In 2018, le Straitéis an Aontais maidir le hÁbhair Phlaisteacha i nGeilleagar Ciorclach[1], aithníodh na rioscaí a bhaineann le micreaphlaistigh agus moladh réitigh nuálacha lena spriocdhírítear ar fhoinsí éagsúla. In 2019 d'aithin grúpa Príomhchomhairleoirí Eolaíochta an Choimisiúin Eorpaigh na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le micreaphlaistigh agus thug sé spreagadh do ghníomhaíocht réamhchúraim[2].In 2020, mar ghníomhaíocht leantach faoin gComhaontú Glas don Eoraip[3], chuir Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach 2.0[4] de cheangal ar an gCoimisiún dul i ngleic le láithreacht micreaphlaisteach sa chomhshaol trí na nithe seo a leanas:

- srian a chur le micreaphlaistigh a chuirtear isteach d'aon ghnó i dtáirgí;
- aghaidh a thabhairt ar scaoiltí neamhbheartaithe micreaphlaisteach trí fhorbairt a dhéanamh, *inter alia*, ar bhearta caighdeánaithe, deimhniúcháin agus rialála chomh maith le modhanna comhchuibhithe chun a scaoiltí a thomhas.

In 2021, ina Phlean Gníomhaíochta: 'Um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú'[5], mhol an Coimisiún gur cheart don Aontas scaoiltí (beartaithe agus neamhbheartaithe) micreaphlaisteach isteach sa chomhshaol a laghdú 30 % faoi 2030.

Ghlac an Coimisiún Eorpach Rialachán an 25 Meán Fómhair lena gcuirtear srian le micreaphlaistigh a chuirtear isteach d'aon ghnó i dtáirgí[6]. An togra seo le haghaidh caillteanas millíní plaisteacha sa chomhshaol a chosc agus an Measúnú Tionchair a ghabhann leis, eascraíonn siad as gealltanais an Choimisiúin maidir le scaoiltí neamhbheartaithe micreaphlaisteach.

### 1.1 Forais agus cuspóirí an togra

Tá **caillteanas millíní plaisteacha** sa chomhshaol ar an **3ú foinse is mó de na scaoiltí neamhbheartaithe micreaphlaisteach uile**. Ar phríomhfhoinsí eile tá péinteanna, boinn, teicstílí, geoiteicstílí agus, ar leibhéal níos lú, capsúil ghlantaigh. D'fhéadfadh gá a bheith le

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis Eorpach maidir le hÁbhar Plaisteach i nGeilleagar Ciorclach, COM/2018/028 final

2 Tuairim eolaíoch maidir leis na rioscaí comhshaoil agus sláinte a bhaineann le truailliú micreaphlaisteach, mí Aibreáin 2019.

3 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal An Comhaontú Glas don Eoraip, COM(2019)640.

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Plean Gníomhaíochta nua do Gheilleagar Ciorclach Chun Eoraip níos glaine agus níos iomaíche a bhaint amach, COM/2020/98 final

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Pathway to a Healthy Planet for All [Conair chuig Pláinéad Sláintiúil do Chách]: 'Um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú', COM/2021/400 final

6 Rialachán (AE) ón gCOIMISIÚN lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a mhéid a bhaineann le micreaphlaistigh polaiméire sintéiseacha – C/2023/6419 final

mórionadaithe nó mórathruithe ar shaintréithe táirgí chun scaoiltí micreaphlaisteach ó na foinsí sin a chosc. Os a choinne sin, cailltear millíní plaisteacha i ngeall ar easpa feasachta agus drochláimhseáil agus is féidir iad a laghdú dá bhrí sin trí bhearta tapa chun an truailliú inseachanta sin a chosc. Fágann sé sin gur príomhsprioc iad millíní plaisteacha le haghaidh idirghabháil bheartais.

Is éard is millíní plaisteacha ann, dá ngairtear freisin goba, millíní réamhtháirgthe agus millíní roisín, an t- amhábhar tionsclaíoch a úsáidtear le haghaidh an táirgthe plaistigh uile. **Na cleachtais láimhseála millíní atá i bhfeidhm faoi láthair, bíonn caillteanais ann dá ndeasca ag gach céim den slabhra soláthair, go háirithe i dtáirgeadh (óghábhair nó ábhair athchúrsáilte), próiseáil, iompar agus in oibríochtaí eile lóistíochta agus bainistithe dramhaíola**. Tar éis dóibh dul isteach sa chomhshaol, tá sé nach mór dodhéanta iad a ghabháil. Toisc ghéaraitheach is ea a soghluaisteacht. Cosúil leis na micreaphlaistigh uile, millíní plaisteacha a éalaíonn ó shuiteálacha tionsclaíocha nó le linn iompair, iompraítear go héasca tríd an aer agus in uiscí dromchla talún agus sruthanna muirí iad agus is féidir iad a fháil freisin san ithir (lena n- áirítear tailte talmhaíochta).

**Breathnaítear go n- imríonn caillteanas millíní ceithre chineál drochthionchair: ar an gcomhshaol; ar an aeráid; ar shláinte an duine, b'fhéidir; agus ar an ngeilleagar**. Baineann roinnt de na tionchair sin go sonrach le millíní, agus baineann cinn eile le micreaphlaistigh go ginearálta. Is eol go mbíonn millíní á n- ithe ag raon speiceas muirí agus cósta (e.g. turtair mhara, éin mhara agus sliogéisc). Nuair a ionghabhtar iad, is féidir leo díobháil fhisiceach a dhéanamh nó a bheith ina gcúis bháis. Mura féidir leo dul tríd an gcóras díleá, d'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le míchothú nó gorta. Cosúil leis na micreaphlaistigh uile, is cuid dhílis den fhadhb í a n- acmhainneacht feidhmiú mar iompróir substaintí tocsaineacha asúite nó miocrorgánach pataigineach. Cuireann plaistigh agus micreaphlaistigh leis an athrú aeráide óir is foinse bhreise astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) agus brú ar éiceachórais agus ar an mbithéagsúlacht iad. Go deimhin, astaítear GCTanna ar feadh shaolré an phlaistigh, ó tháirgeadh go próisis díghrádaithe, agus d'fhéadfadh plaistigh sna haigéin cur isteach ar chumas na n- aigéan dé- ocsaíd charbóin a asú agus a leithlisiú. Nochtar daoine ar mhicreaphlaistigh tríd an aer agus trí thomhaltas bia. D'fhéadfadh tionchair eacnamaíocha dhiúltacha a bheith ag micreaphlaistigh, lena n- áirítear millíní plaisteacha, ar ghníomhaíochtaí áitiúla amhail iascaireacht tráchtála agus talmhaíocht (e.g., fómhar iascaireachta a bheith laghdaithe i ngeall ar thionchair ar ghnáthóga, éiceachórais agus fiadhúlra muirí) chomh maith le turasóireacht agus áineas (e.g. tránna agus limistéir leochaileacha amhail páirceanna náisiúnta, aibhneacha, locha a bheith dúnta nó a dtarraingteacht a bheith laghdaithe).

Déantar méideanna móra millíní a tháirgeadh agus a láimhseáil gach bliain, go domhanda agus san Aontas (thart ar 57 milliún tona san Aontas in 2021). Léiríonn meastacháin gur **cailleadh idir 52 140 tona agus 184 290 tona millíní isteach sa chomhshaol san Aontas in 2019. Tá sé sin coibhéiseach le líon idir 2 100 agus 7 300 trucail lán le millíní in aghaidh na bliana.**

Leis an bhfianaise a bailíodh chun tacú leis an measúnú tionchair agus leis an measúnú ar thionchar tionscanta a ghabhann leis seo, agus leis an gcomhairliúchán poiblí agus leis an gcomhairliúchán breise a spriocdhíríodh ar FBManna, tugtar le fios go bhfuil páirtithe leasmhara i bhfabhar gníomhaíocht a bheith á déanamh ag gach leibhéal de na húdaráis phoiblí chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú. Tagraíonn páirtithe leasmhara freisin d'obair dheonach an tionscail sa réimse sin mar chur chuige, go háirithe an clár *Operation Clean Sweep*® (OCS).

Is é is aidhm don togra seo **caillteanas millíní plaisteacha sa chomhshaol a laghdú** agus bheadh laghdú idir 54 % agus 74 % ann dá bharr i gcomparáid leis an mbunlíne, rud a bheadh coibhéiseach le laghdú 6 % ar an méid iomlán scaoiltí neamhbheartaithe micreaphlaisteach. I gcomhréir le sprioc laghdaithe fhoriomlán 30 % an Choimisiúin i leith micreaphlaistigh a scaoiltear isteach sa chomhshaol, cuideoidh sé le **caomhnú a dhéanamh ar éiceachórais agus ar an mbithéagsúlacht, le laghdú a dhéanamh ar thionchair sláinte a d'fhéadfadh a bheith ann agus le leas a dhéanamh do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha áitiúla**. D'fhéadfadh sé freisin feabhas a chur ar fhaisnéis maidir leis an méid caillteanas millíní ar fud an tslabhra soláthair millíní. Le ceanglais níos éadroime ar FBManna, áiritheofar go ndéanfar an maolú iomchuí ar thionchair ionchasacha ar a n- oibríochtaí.

## 1.2 Comhsheasmhacht le beartais an Aontais atá ann cheana

Leis an togra le haghaidh caillteanas millíní sa chomhshaol a chosc, tacaítear le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip lena rannchuidítear le trí ghéarchéim an athraithe aeráide, an truaillithe agus na cailliúna bithéagsúlachta a réiteach. Treiseoidh sé freisin straitéisí uileghabhálacha amhail an Straitéis maidir le hÁbhair Phlaisteacha, an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach agus an Plean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú. Is de thionscnamh na nithe seo a leanas truailliú micreaphlaisteach:

1. táirgí plaisteacha níos mó arna dtréigean nó arna ndiúscairt go míchuí agus a ndíghrádú ina bpíosaí níos lú plaistigh sa chomhshaol;
2. micreaphlaistigh a cuireadh isteach d'aon ghnó i dtáirgí áirithe, amhail cosmaidí, a dhéanann a mbealach isteach sa chomhshaol ar deireadh; agus
3. micreaphlaistigh a scaoiltear go neamhbheartaithe, go príomha i ngeall ar scríobadh le linn úsáide nó drochláimhseáil.

Maidir le '**macraphlaistigh**', rinne an tAontas roinnt bearta rialála cheana féin chun dul i ngleic leis an truailliú a eascraíonn as táirgí móra plaisteacha a sceitheann isteach sa chomhshaol, lena n- áirítear an Treoir maidir le plaistigh aon úsáide (SUPD)[7], an Treoir Réime Dramhaíola (WFD)[8], an Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht (PPWD)[9] agus an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (MSFD)[10].Rannchuidíonn na bearta sin le laghdú a dhéanamh ar an dramhaíl phlaisteach a ghintear, le feabhas a chur ar a bailiú agus ar a hathchúrsáil, agus le dreasacht a thabhairt chun cion athchúrsáilte a úsáid i dtáirgí nua, rud a laghdaíonn dá réir an méid bruscair phlaistigh sa chomhshaol.

Maidir le '**micreaphlaistigh a scaoiltear go neamhbheartaithe**', seachas millíní plaisteacha, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar roinnt príomhfhoinsí eile scaoilte neamhbheartaithe, amhail péinteanna, boinn, teicstílí sintéiseacha, geoiteicstílí agus, ar leibhéal níos lú, capsúil ghlantaigh. Bearta lena dtéitear i ngleic le scaoiltí micreaphlaisteach ó bhoinn, áiríodh iad

---

[7] Treoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an laghdú ar an tionchar a bhíonn ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol, IO L 155, 12.6.2019, lgh. 1-19

[8] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n- aisghairtear Treoracha áirithe IO L 312, 22.11.2008, lch. 3

[9] Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht IO L 365, 31.12.1994, lch. 10

[10] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht an Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí; IO L 164, 25.6.2008, lch. 19-40

cheana féin sa togra le haghaidh Rialachán EURO 7. Leis an réamhanailís ar na foinsí eile, léiríodh go bhfuil neamhchinnteachtaí agus bearnaí sonraí ann agus thángthas ar an gconclúid go bhféadfadh sé go mbeadh ionstraimí beartais eile ní b'oiriúnaí chun dul i ngleic leo. Tá níos mó faisnéise agus anailís bhreise ag teastáil chun na hidirghabhálacha is iomchuí a shainiú. I gcás na bhfoinsí sin, féadfar measúnuithe tionchair ar leithligh a ullmhú, i gcás inarb iomchuí agus inar gá, chun tacú le tograí féideartha chun dul i ngleic le hastaíochtaí micreaphlaisteach ó na foinsí sin.

Maidir le **hastaíochtaí tionsclaíocha**, is í an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (IED)[11] an píosa reachtaíochta lena ndéantar rialáil agus bainistíocht ar astaíochtaí ó ghléasraí móra tionsclaíocha. Ní thugtar aghaidh go sonrach ar chaillteanas millíní plaisteacha sna conclúidí atá ann cheana maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil. Na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo, ba cheart iad a bheith i bhfeidhm gan dochar do chur i bhfeidhm IED.

An togra le haghaidh caillteanas millíní plaisteacha sa chomhshaol a chosc, comhlánaíonn sé na forálacha i ndáil le millíní atá i **srianadh REACH maidir le micreaphlaistigh a cuireadh isteach d'aon ghnó**. Leis an srianadh sin, tugtar aghaidh ar mhillíní plaisteacha mar fhoinse inseachanta scaoiltí, trí dhá oibleagáid a fhorchur ar oibreoirí eacnamaíocha: (1) faisnéis maidir le húsáid agus diúscairt millíní a sholáthar e.g. trí lipéadú, agus (2) meastacháin cainníochtaí arna scaoileadh ar bhonn bliantúil a thuairisciú. Cé go méadaíonn na hoibleagáidí sin an fhaisnéis maidir le húsáidí agus caillteanas millíní, ní dhéantar na hoibleagáidí a shonrú a thuilleadh ná ní thugtar isteach modheolaíocht maidir le conas meastachán a dhéanamh ar chaillteanais. Leis na hoibleagáidí cuimsitheacha agus an mhodheolaíocht chaighdeánaithe a áirítear sa togra nua seo, cuideofar le cosc a chur ar chaillteanas millíní ag an bhfoinse agus feabhas a chur ar an bhfaisnéis a bhailítear maidir le scaoiltí measta.

Tá an togra i gcomhréir leis an Moladh neamhcheangailteach ón gCoinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh (**OSPAR**) i ndáil le millíní plaisteacha, lena gcuirtear caighdeáin coiscthe agus scéimeanna deimhniúcháin chun cinn le haghaidh an tslabhra soláthair plaistigh ina iomláine[12]. Tá an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (**IMO**) ag breathnú ar iompar millíní plaisteacha ar muir i gcoimeádáin mhuirí agus tá measúnú á dhéanamh aici ar bhearta deonacha agus éigeantacha araon, a chuirfeadh oibreoirí láimhseála millíní faoi réir ceanglais níos déine.

Is é is aidhm don togra an bealach a réiteach le haghaidh forálacha maidir le micreaphlaistigh i gcomhthéacs caibidlíochta leanúnaí i dtaobh **Conradh Domhanda maidir le Truailliú Plaisteach**. Cuireann an tAontas agus a Bhallstáit 'i dtábhacht gur gá bearta chun scaoileadh neamhbheartaithe micreaphlaisteach a laghdú a áireamh san ionstraim amach anseo. D'fhéadfaí a áireamh inti, mar shampla, bearta chun íoslaghdú a dhéanamh ar an riosca go sceithfear millíní plaisteacha ón táirgeadh, ón láimhseáil agus ón iompar'[13].

Rannchuidíonn an togra le cur chun feidhme **Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe** faoi threoir ag na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG), go

---

11 Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) IO L 334, 17.12.2010, lch. 17

12 Moladh 2021/06 maidir le caillteanas millíní plaisteacha sa chomhshaol a laghdú, 2021.

13 Aighneacht an Aontais chuig Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP) i bhfianaise an dara seisiún den Choiste Caibidlíochta Idir- Rialtasach um ionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí de maidir le truailliú plaisteach (INC-2).

sonrach: sprioc 12 maidir le tomhaltas agus táirgeacht inbhuanaithe, sprioc 14 maidir le caomhnú agus úsáid na n- aigéan, na bhfarraigí agus acmhainní muirí ar shlí inbhuanaithe ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe agus sprioc 15 maidir le beathra ar talamh, in éineacht le sprioc 3 maidir le sláinte mhaith, sprioc 9 maidir le tionsclaíocht, nuálaíocht agus bonneagar agus sprioc 13 maidir leis an aeráid.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### 2.1 Bunús dlí

Tá an tionscnamh seo bunaithe ar Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) óir méadóidh sé leibhéal na cosanta comhshaoil ar fud an Aontais. Cé go mbeidh tuilleadh comhchuibhithe i dtaobh láimhseáil millíní mar thoradh air, agus go gcoiscfear dá réir sin ilroinnt an mhargaidh i ngeall ar chineálacha éagsúla cur chuige náisiúnta ar fud na mBallstát, is í an ghné cosanta comhshaoil atá i réim.

### 2.2 Coimhdeacht

Tá tacar coiteann ceanglas maidir le láimhseáil millíní laistigh den Aontas fíor- riachtanach chun ardleibhéal cosanta comhshaoil a áirithiú. Cosúil leis na micreaphlaistigh uile, iompraítear millíní go héasca ó áit gheografach amháin go háit eile agus is féidir iad a fháil i ngach timpeallacht, lena n- áirítear na háiteanna is iargúlta. Cé go mbíonn caillteanas millíní comhchruinnithe ar dtús i limistéar geografach amháin de ghnáth (limistéir tionscail pheitriceimicigh nó pholaiméirigh, ardáin lóistíochta amhail calafoirt, etc.), tá siad thar a bheith soghluaiste agus is féidir go scaipfear iad ansin in uiscí dromchla talún agus sruthanna aigéin, agus tríd an aer. Is é cineál trasteorann na faidhbe an chúis is tábhachtaí le bheith ag gníomhú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Dá ngníomhódh na Ballstáit ina n- aonar, ní bheadh an ghníomhaíocht chomh costéifeachtach céanna agus bheadh leibhéal na cosanta comhshaoil fós fo- optamach. Tá baol ann freisin go mbunófaí píosaí éagsúla reachtaíochta iomaíocha.

### 2.3 Comhréireacht

Ní théann na ceanglais sa togra thar a bhfuil riachtanach chun é a chur ar a gcumas d'oibreoirí eacnamaíocha a reáchtálann suiteálacha ina láimhseáiltear millíní plaisteacha i gcainníochtaí níos mó ná 5 thona in aghaidh na bliana, agus d'iompróirí AE agus neamh- AE, millíní den sórt sin a láimhseáil go sábháilte agus go freagrach. Tá siad bunaithe ar na cleachtais láimhseála is fearr atá ann cheana, go háirithe an clár tionscail *Operation Clean Sweep®* (OCS) agus an Moladh neamhcheangailteach a ghlac na páirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh (OSPAR). Déantar comhréireacht na gceanglas a áirithiú trí cheanglais níos éadroime ar FBManna a thabhairt isteach, i gcás inar gá, mar thoradh ar chomhairliúchán críochnúil le páirtithe leasmhara. Na húdaráis náisiúnta inniúla atá i bhfeighil comhlíonadh an tionscail a fhíorú, tabharfar tacaíocht dóibh trí obair na ndeimhnitheoirí a gcuirfear deimhniú de chúram orthu. Leis an gcóras sin, soláthrófar ardleibhéal deimhneachta dlíthiúla agus éascófar gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin.

### 2.4 An rogha ionstraime

Ionstraim dhlíthiúil neamhspleách atá sa togra nach ndéanfaí leasú leis ar reachtaíocht atá ann cheana. Socraítear ceanglais leis atá le cur chun feidhme sa slabhra soláthair millíní ina iomláine chomh maith le rialacha maidir le córas comhlíontachta bunaithe ar dheimhniú tríú páirtí, féindearbhú, agus fíorú comhlíontachta ag údaráis phoiblí náisiúnta. Ó tharla gurb é is

aidhm dó ardleibhéal cosanta comhshaoil a áirithiú trí athruithe ar iompraíocht láimhseála oibreoirí eacnamaíocha, meastar gur Rialachán é an ionstraim dlí is iomchuí.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

Ní dhearnadh aon mheastóireacht *ex post* toisc nach ann d'aon chreat rialála ar leibhéal an Aontais Eorpaigh cheana lena dtugtar aghaidh ar thruailliú millíní plaisteacha ar fud an tslabhra soláthair millíní ina iomláine.

### 3.1 Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le páirtithe leasmhara tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Comhairliúchán poiblí maidir leis na foinsí a sainaithníodh i dtosach arb eol go dtagann an líon is mó scaoiltí neamhbheartaithe micreaphlaisteach astu, i.e. millíní plaisteacha, teicstílí sintéiseacha, boinn, péinteanna, geoiteicstílí agus capsúil ghlantaigh le haghaidh níocháin agus miasniteoirí, ón 22 Feabhra go dtí an 17 Bealtaine 2022. Rinneadh 410 rannchuidiú le linn an chomhairliúcháin. D'aontaigh na páirtithe leasmhara uile faoi **chineál guaiseach an truaillithe mhicreaphlaistigh san Aontas, faoin tionchar diúltach atá aige ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine, agus faoin ngá beart a dhéanamh ar gach leibhéal údaráis**. Maidir le caillteanas millíní, d'aontaigh páirtithe leasmhara **gurb í an mhórthoisc í láimhseáil mhíchuí.**.

2. An dara comhairliúchán lenar spriocdhíríodh ar FBManna a láimhseálann millíní, a reáchtáladh ó mhí Eanáir go mí Feabhra 2023. Rinneadh 330 rannchuidiú le linn an dara comhairliúchán sin. **Bhí tromlach na bhfreagróirí i bhfabhar na ceanglais a bheith éigeantach má bhíonn na ceanglais níos éadroime ar chuideachtaí níos lú.** Measadh go raibh roinnt ceanglas ródhian ar mhicrifhiontair (níos lú ná 10 fostaithe) agus ar fhiontair bheaga (10-49 nduine fostaithe), agus ar ghnólachtaí a bhfuil a n- acmhainneachtaí níos lú ná 1 000 tona in aghaidh na bliana (an meántonnáiste bliantúil arna láimhseáil ag fiontair bheaga). Ní raibh FBManna i bhfabhar na hoibleagáide go ndéanfaí iniúchadh seachtrach orthu. I measc na gcleachtas láimhseála is fearr, sainaithníodh úsáid éigeantach trealaimh shonraigh agus pacáistíochta sonraí (i.e. í aerdhíonach, frithsheasmhach in aghaidh polladh agus séalaithe ar bhealach nach bhfuil díobhálach don chomhshaol) mar an beart is costasaí. Ar deireadh, **shainaithin freagróirí gurb iad tacaíocht airgeadais agus modheolaíocht chaighdeánaithe i dtaca le caillteanas millíní a thomhas na bealaí is fearr chun tacú leo**.

3. Ceardlanna agus teagmhálaithe déthaobhacha ó mhí Mheán Fómhair 2021 go mí Bealtaine 2023 ar lena linn a thug eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil tacaíocht láidir do **cheanglais éigeantacha maidir le láimhseáil millíní ar leibhéal an Aontais, in éineacht le scéim deimhniúcháin chuimsitheach thrédhearcach**. D'aontaigh bratchomhlachas na monaróirí Eorpacha plaistigh, PlasticsEurope, gurb é **iniúchadh agus deimhniú seachtrach éigeantach, bunaithe ar OCS agus curtha i bhfeidhm maidir le gach gníomhaí**, an cur chuige is éifeachtaí chun dul i ngleic le caillteanas millíní. Is é an breithniú a rinne táirgeoirí ar thogra reachtach lena gceanglaítear deimhniú ar chóras coiscthe caillteanas millíní dála OCS go bhféadfadh gach gníomhaí é a chur chun feidhme go tapa toisc go dtairbheodh sé den tionscnamh tionscail atá ann cheana agus go dtreiseodh sé é. Bhí bratchomhlachas na n-athchúrsálaithe Eorpacha, PRE, i bhfabhar **ionstraim uile- Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí de** chun cothroime iomaíochta sa mhargadh aonair a áirithiú i measc na

ngníomhaithe uile. Tharraing bratchomhlachas na dtiontairí Eorpacha, EuPC, aird ar **acmhainní teoranta** mar bhacainn roimh dhea- chleachtais láimhseála a chur chun feidhme.

## 3.2 Measúnú tionchair

### *3.2.1 Fadhb a shainmhíniú & rogha beartais ab fhearr*

Tá an togra bunaithe ar an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an togra le haghaidh caillteanas millíní plaisteacha sa chomhshaol a chosc. Ar dtús, d'eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála (RSB), ar bord de chuid an Choimisiúin é, tuairim dhiúltach le barúlacha cuimsitheacha an 18 Samhain 2022. Tar éis athbhreithniú mór ar an gcéad dréacht, thug RSB tuairim dhearfach uaidh inar cuireadh imní in iúl an 12 Meitheamh 2023[14]. Mínítear in Iarscríbhinn I den Mheasúnú Tionchair an chaoi ar tugadh aghaidh ar bharúlacha an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála.

Sainaithnítear an fhadhb seo a leanas sa Mheasúnú Tionchair: **bíonn caillteanais ag gach céim den slabhra soláthair ann de dheasca na gcleachtas láimhseála millíní atá i bhfeidhm faoi láthair, rud a imríonn drochthionchair ar an gcomhshaol agus a d'fhéadfadh drochthionchair a imirt ar shláinte an duine**. Sainaithníodh na tiomántóirí seo a leanas:

- **Teipeanna margaidh** – níl praghsanna ina léiriú ar sheachtrachtaí diúltacha agus tá an fhaisnéis do ghníomhairí margaidh neamhfhoirfe. **Easpa tacaíochta sonraí do chuideachtaí níos lú agus easpa airde orthu**, ar cuideachtaí iad a bhfuil sé costasach orthu bearta coisctheacha a chur chun feidhme, rud a mhíníonn freisin toradh margaidh fo- optamach.

- **Teip rialála** – creataí rialála ábhartha atá ann cheana (lena rialaítear ceimiceáin, bruscar muirí, uisce, astaíochtaí tionsclaíocha, dramhaíl, pacáistíocht agus gníomhaíochtaí iompair), ní thugtar aghaidh go sonrach leo ar shaincheist na gcaillteanas millíní ná ar a láimhseáil shábháilte fhreagrach ar fud an tslabhra soláthair millíní ina iomláine.

Sa Mheasúnú Tionchair, rinneadh measúnú ar cheithre rogha beartais chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin agus ar a dtiomántóirí:

- Rogha 1: Modheolaíocht chaighdeánaithe éigeantach i dtaca le caillteanas millíní a thomhas
- Rogha 2: Ceanglais éigeantacha maidir le caillteanas millíní a chosc agus a laghdú i ndlí nua de chuid an Aontais, lena n- áirítear trí fho- rogha i dtaca le ceanglais níos éadroime ar FBManna:

    2a: micreachuideachtaí;
    2b: micreachuideachtaí agus cuideachtaí beaga;
    2c: micreachuideachtaí, cuideachtaí beaga agus cuideachtaí meánmhéide;

- **Rogha 3**: Pacáistíocht fheabhsaithe ar mhaithe le lóistíocht millíní
- Rogha 4: Sprioc an Aontais chun caillteanas millíní a laghdú

[14] SEC

Bunaithe ar mheasúnú costais agus tairbhe, agus ar mheasúnú cáilíochtúil ar chomhréireacht, comhleanúnachas, éifeachtacht agus éifeachtúlacht na roghanna éagsúla a breithníodh, moladh meascán de dhá rogha beartais mar an rogha beartais ab fhearr:

- **Rogha 1 – Modheolaíocht chaighdeánaithe éigeantach i dtaca le caillteanas millíní a thomhas** chun aghaidh a thabhairt ar an bhfo- fhadhb 'Faisnéis neamhfhoirfe' agus chun rannchuidiú le feabhas a chur ar fhaisnéis maidir leis an méid caillteanas millíní ar fud an tslabhra soláthair millíní. Éascóidh sé freisin an ceanglas maidir le caillteanas millíní a thuairisciú faoi shrianadh REACH.

- **Fo- rogha 2b – Ceanglais éigeantacha i ndlí nua de chuid an Aontais ina mbeidh ceanglais níos éadroime ar mhicreachuideachtaí agus cuideachtaí beaga** chun aghaidh a thabhairt ar na tiomántóirí 'Níl praghsanna ina léiriú ar sheachtrachtaí', 'Faisnéis neamhfhoirfe' agus 'Teip rialála'. Trína bheith ag díriú ar chosc, rannchuideoidh sé le caillteanas millíní a laghdú, ar bhealach a bheidh comhréireach go heacnamaíoch, go leibhéal i gcomhréir le sprioc laghdaithe fhoriomlán 30 % an Choimisiúin i leith scaoiltí micreaphlaisteach faoi 2030, agus lena áirithiú go ndéanfar maolú iomchuí ar thionchair ar FBManna a bhfuil baint acu leis an slabhra soláthair millíní.

Is ard go maith na costais infheistíochta a bheadh ar an earnáil i gcás Rogha 3, agus is ísle an chostéifeachtacht a bheadh aici ná Rogha 2. Le Rogha 4, ba ghácóras faireacháin feidhmíochta a bhunú ar dtús, rud a thógfadh am. Bheadh sé ní ba dhúshlánaí é a chur chun feidhme, agus bheadh a chostais beagán ní b'airde ná na costais faoi Roghanna 2 agus 2a- c. Bheadh laghdú réasúnta mór ar chaillteanas millíní ann de bharr Fho- rogha 2b, agus bheadh costais ní b'ísle ná faoi Rogha 2a a bhuí le ceanglais níos éadroime ar mhicreachuideachtaí agus cuideachtaí beaga. Is í an rogha sin is costéifeachtaí as measc (fho)roghanna 2, 2a- c.

### *3.2.2. Tionchair na rogha beartais ab fhearr*

Baineann na tionchair a liostaítear thíos leis an rogha beartais ab fhearr ina hiomláine, agus cuimsítear forálacha ó Rogha 1 agus Fo- rogha 2b leo dá réir.

- Tionchair lena bhfuil coinne de dhroim modheolaíocht tomhais chaighdeánaithe éigeantach a fhorbairt

Leis an rogha beartais ab fhearr, tugtar isteach forbairt modheolaíochta caighdeánaithe i dtaca le caillteanas millíní a thomhas agus sainordaítear úsáid na modheolaíochta sin, nuair a bheidh sí forbartha, mar chomhlánú ar an **gceanglas maidir le meastacháin cainníochtaí arna scaoileadh a thuairisciú, a thugtar isteach i srianadh REACH**. Ní dhéantar foráil leis an srianadh sin maidir le modheolaíocht i dtaca le caillteanas millíní a thomhas.

Trí mhodheolaíocht chaighdeánaithe **a thabhairt isteach, tá costais aon uaire i gceist leis an rogha beartais ab fhearr chun an mhodheolaíocht** a fhorbairt agus a thástáil. Tógann sé 3- 4 bliana ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) an próiseas sin a thabhairt i gcrích de ghnáth. D'fhéadfadh an earnáil an costas sin a íoc, nó d'fhéadfadh an Coimisiún tacaíocht a sholáthar trí staidéar tiomnaithe. Agus an mhodheolaíocht sin á forbairt, cuirfidh CEN an obair a rinne an tionscal sa réimse sin san áireamh.

An costas iomlán as an modheolaíocht a fhorbairt agus a thástáil, measadh go mbeadh sé idir EUR 1 258 000 agus EUR 3 174 000. Ós rud é go mbeidh an mhodheolaíocht bunaithe ar an obair a rinne an tionscal, meastar gur dóichí bun an raoin costais mheasta sin. Faoi shrianadh REACH, breithnítear cheana féin na costais tuairiscithe a thabhaíonn an tionscal agus an

mhodheolaíocht á húsáid. Tá feidhm aige sin freisin maidir leis na costais a thabhaíonn an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) chun próiseáil a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bhailítear.

Trí aon mhodheolaíocht amháin, seachas roinnt modheolaíochtaí a d'fhéadfaí a úsáid ina mhalairt de chás, a sholáthar d'oibreoirí eacnamaíocha, **féachann an rogha beartais ab fhearr le costais a choigilt**: (1) ní gá d'oibreoirí eacnamaíocha modheolaíocht a fhorbairt; (2) simplítear an tuairisciú do ECHA; agus (3) tá cáilíocht an tuairiscithe níos airde, óir tugann modheolaíocht amháin caoi d'inchomparáideacht sonraí agus, faoi dheireadh, tuiscint níos fearr ar mhéideanna caillteanas millíní.

**Meastar go bhfuil an coigilteas costais níos airde ná na costais forbartha. Tá an cur chuige sin ailínithe go hiomlán leis an ngealltanas a thugtar sa** Teachtaireacht dar teideal 'Rialáil Níos Fearr: oibriú i gcomhar le chéile chun dlíthe níos fearr a bhunú'[15]. Cé nach déantar aon laghdú díreach ar chaillteanas millíní faoi Rogha 1**, cuirfidh modheolaíocht chaighdeánaithe i dtaca le caillteanais a thomhas ar a gcumas d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'údaráis phoiblí dul i ngleic níos fearr le caillteanas millíní trí fheabhas a chur ar bhfaisnéis, ar an tuairisciú agus ar an bhfaireachán ar chaillteanas millíní.**

- Tionchair lena bhfuil coinne de dhroim ceanglais éigeantacha maidir le caillteanas millíní a chosc agus córas comhlíontachta gaolmhar a thabhairt isteach

Leis an rogha beartais ab fhearr, tugtar isteach **ceanglais éigeantacha maidir le caillteanas millíní sa chomhshaol a chosc i gcás an tslabhra soláthair millíní ina iomláine, agus uasmhéadaítear dá réir na seansanna go laghdófar na caillteanais sin**.

I gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, íocann an earnáil costais na mbeart is gá chun na ceanglais a chomhlíonadh agus chun comhlíonadh a léiriú trí dheimhniú tríú páirtí nó féindearbhú. Tá na húdaráis phoiblí sna Ballstáit freagrach as clár poiblí a choimeád a bhaineann le comhlíonadh, agus i gcás neamhchomhlíonadh, as bearta ceartaitheacha agus, i gcás inarb ábhartha, pionóis a fhorchur.

Trí cheanglais éigeantacha a fhorchur bunaithe ar an obair a rinne an tionscal i dtaobh caillteanas millíní a chosc, millíní a imshrianadh agus a ghlanadh, agus tríd an oibleagáid go léireofar comhlíonadh a thabhairt isteach, tá **costais chomhlíontachta dhíreacha ar an earnáil**. **Tá coinne go ndéanfaidh ceanglais níos éadroime ar na micreachuideachtaí agus na cuideachtaí níos lú maolú ar na tionchair ar na fiontair sin**. Ar an iomlán, tá coinne gurb é EUR 376 - 491 mhilliún in aghaidh na bliana an glanchostas as Fo- rogha 2b a chur chun feidhme.

Maidir le **costais riaracháin agus forfheidhmiúcháin ar na húdaráis náisiúnta inniúla,** áirítear orthu sin clár poiblí a bhunú agus a choinneáil ar bun, fíorú comhlíontachta, sásraí láimhseála gearán agus rochtain ar an gceartas chomh maith leis an tuairisciú don Choimisiún maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo gach 3 bliana. Ar an iomlán, tá coinne gurb iad na costais a bheidh ar na Ballstáit EUR 313 000 sa 1ú bliain agus ansin EUR 125 000 in aghaidh na bliana ar an Aontas ina iomláine. Beidh na costais sin éagsúil ó Bhallstát go Ballstát, óir bheidís ní b'airde ar Bhallstáit níos mó agus ní b'ísle ar Bhallstáit níos lú.

---

15 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún *Rialáil Níos Fearr: Oibriú i gcomhar le chéile chun dlíthe níos fearr a bhunú,*

Ós rud é go bhféadfadh an rogha sin costas amhábhair plaistigh a mhéadú, **d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an bpobal i gcoitinne méadú ar chostas earraí plaisteacha a íoc**. Mar sin féin, más ann d'aon mhéadú ar an gcostas, is dócha go mbeidh sé teoranta mar is beag an costas a ghabhann le dea- chleachtais láimhseála a chur chun feidhme i gcomparáid le láimhdeachas na hearnála. Tá coinne leis dá bhrí sin go ndéanfaidh monaróirí an méadú rí- bheag sin a ionsú ina gcostais táirgthe agus nach ndéanfar difear do thomhaltóirí.

Tá **méadú nach beag ar chaillteanas millíní sa chomhshaol, rud a laghdaíonn truailliú micreaphlaisteach agus a chaomhnaíonn éiceachórais agus an bhithéagsúlacht dá réir**. Tá sé ina **bheart réamhchúraim freisin in aghaidh tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar shláinte an duine.** Tá coinne go mbeidh idir 25 142 thona/bliain agus 140 621 tona/bliain de laghdú ar chaillteanas millíní ann. Tá coinne dá réir sin go rannchuideoidh an rogha beartais ab fhearr le thart ar 1/4ú de sprioc laghdaithe fhoriomlán 30 % an Choimisiúin i leith micreaphlaisteach.

Áirítear ar thairbhí eile **cothroime iomaíochta i measc oibreoirí eacnamaíocha** trína ráthú nach ndéanfar staid cuideachtaí a chuireann na bearta laghdaithe i bhfeidhm a lagú de dheasca iomaíocht ó chuideachtaí nach gcuireann na bearta sin i bhfeidhm faoi mar is amhlaidh sa chóras deonach atá i bhfeidhm faoi láthair. I gcás gnólachtaí ar leo na millíní, áirítear ar na tairbhí **gnóthachan eacnamaíoch measta** EUR 25 go 141 mhilliún atá bainteach leis an méid millíní nach gcailltear sa chomhshaol.

De bharr caillteanas millíní a laghdú, tá coinne go mbeidh **tionchair eacnamaíocha dhearfacha iarmhartacha ar earnálacha áirithe**, amhail iascaireacht tráchtála, talmhaíocht, turasóireacht agus áineas i limistéir a ndéanann na scaoiltí difear dóibh. Ba lú an líon millíní a chaillfí sa mhuirthimpeallacht agus ba lú dá réir sin an chorraíl ar speicis mhuirí, lena n- áirítear cinn a mbaineann tábhacht eacnamaíoch leo amhail oisrí agus doingin. Ar an gcaoi chéanna, is lú an líon millíní a chaillfear i bhfuíolluisce suiteálacha agus sa sloda séarachais a leanann as cóireáil an fhuíolluisce, agus is lú an líon millíní a chaillfear san ithir dá réir tar éis an sloda a leagan ar thalamh talmhaíochta, áit a dtarlaíonn sin.

Cuidíonn an rogha beartais ab fhearr le poist nua a chruthú mar tá coinne go mbeidh **baill foirne bhreise** (3 858 gcoibhéis lánaimseartha) ag teastáil chun dea- chleachtais láimhseála a chur chun feidhme. Cuidíonn sí freisin le **costais áirithe ar an tsochaí a chosc** amhail iad siúd a bhaineann le gníomhaíochtaí glantacháin agus feabhsúcháin ag pobail áitiúla i limistéir a ndéanann na scaoiltí difear dóibh. Is dúshlánach iad na hoibríochtaí sin de ghnáth toisc go bhfuil acmhainní teicneolaíochta, daonna agus airgeadais ag teastáil lena n- aghaidh.

Tá an rogha beartais ab fhearr i gcomhréir leis na cuspóirí aeráidneodrachta a leagtar amach sa Dlí Aeráide Eorpach, agus le spriocanna 2030 agus 2050 an Aontais. Is é an chaoi is mó a rannchuidíonn sé leis an maolú ar an athrú aeráide go bhfuil ar a chumas scaipeadh millíní plaisteacha isteach sa chomhshaol a chosc. De bharr truailliú millíní plaisteacha a chosc ag a bhfoinse, tá coinne go mbeidh astaíochtaí gás ceaptha teasa níos ísle mar is lú an táirgeadh plaistigh a bheidh ag teastáil. Thairis sin, d'fhéadfadh sé go mbeidh éifeachtaí indíreacha dearfacha ar fhás planctóin, rud a rannchuidíonn, ar a sheal, le ceapadh carbóin.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Trí mhodheolaíocht tomhais amháin agus aon tacar ceanglas amháin a thabhairt isteach chun caillteanas millíní a chosc, cuidíonn an rogha beartais ab fhearr le laghdú a dhéanamh ar an riosca go mbeidh ilroinnt dhlíthiúil ann, agus déanann sí an deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a neartú dá réir. Tá coinne le roinnt coigilteas costais dá bharr sin, ar a sheal, le haghaidh gnólachtaí agus údaráis náisiúnta inniúla atá freagrach as an dlí a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú.

Sa rogha beartais ab fhearr tá **maolú le haghaidh cuideachtaí a dhéanann agus a láimhseálann millíní i gcainníochtaí is lú ná 5 thona** chun infheistíochtaí costasacha a sheachaint nach bhfuil ach sochair chomhshaoil an- teoranta acu i dtéarmaí an laghdaithe ar chaillteanas millíní. Ina theannta sin, mar fhreagairt do chomhairliúchán 2023 lenar spriocdhíríodh ar FBManna a láimhseálann millíní, **tá coinne go ndéanfaidh ceanglais níos éadroime ar mhicrifhiontair agus fiontair níos lú maolú ar na costais chomhlíontachta dhíreacha a bheidh ar na fiontair sin** (e.g. féadfaidh fiontair cineál agus méid na suiteála chomh maith le scála a hoibríochtaí a chur san áireamh, gan aon oibleagáid a bheith orthu infheistíocht a dhéanamh i dtrealamh níos costasaí amhail córais cóireála séarachais). Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit tacaíocht theicniúil agus airgeadais a sholáthar do na micrifhiontair agus na fiontair níos lú, amhail ábhair agus uirlisí **treoraíochta agus oiliúna** a bhaineann go sonrach le FBM.

Sa rogha beartais ab fhearr tá rialacha maidir le faisnéis a chur isteach, lena n- áirítear ón deimhniúchán, i dtimpeallachtaí fisiceacha agus digiteacha araon agus meastar dá réir go bhfuil sí in oiriúint don saol digiteach.

Is dócha nach mbeidh ach miontionchar diúltach ag an rogha beartais ab fhearr ar iomaíochas earnáil na bplaisteach san Aontas, toisc nach bhfuil sna costais mheasta ach cuid an- bheag dá láimhdeachas (thart ar 0,13 %).

Measúnaítear gurb é EUR 44 mhilliún costais riaracháin na rogha beartais ab fhearr a bheidh ar ghnólachtaí (córais a bhunú i ngnólachtaí le haghaidh nósanna imeachta riaracháin chun caillteanas millíní a thuairisciú, measúnuithe inmheánacha agus deimhniú, fógra a thabhairt d'údaráis phoiblí faoin deimhniú). Measúnaítear gurb é EUR 332 – 447 milliún na costais coigeartaithe ghaolmhara a bheidh ar ghnólachtaí (an caighdeán tomhais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, oibríochtaí agus nósanna imeachta a oiriúnú do na ceanglais nua, bearta laghdaithe caillteanas millíní a chur chun feidhme). B'fhéidir go mbeidh mionchostais coigeartaithe eile ann toisc go bhféadfaí an méadú ar phraghas millíní a chur ar aghaidh chuig na húsáideoirí iartheachtacha agus, faoi dheireadh, chuig saoránaigh mar gheall ar mhéadú ar phraghas táirgí plaisteacha.

Leis an togra seo, léirítear an rogha beartais ab fhearr mar a thugtar tuairisc uirthi thuas, maidir leis na ceanglais éigeantacha agus an leis an gcóras comhlíontachta gaolmhar araon. Chun tuilleadh maolaithe a dhéanamh ar na costais chomhlíontachta dhíreacha ar FBManna, sa togra tá ceanglais bhreise atá níos éadroime ná an rogha beartais ab fhearr. Tugtar tuairisc bhreise ar na ceanglais níos éadroime sin i Roinn 6.2. Go sonrach, beidh ar mhicrifhiontair agus fiontair bheaga chomh maith le suiteálacha a láimhseálann millíní plaisteacha i gcainníochtaí is lú ná 1 000 tona in aghaidh na bliana féindearbhú a sholáthar chun comhlíonadh a léiriú in ionad deimhniú a fháil. De thoradh na mbeart breise sin, beidh laghdú breise EUR 24,6 milliún (ó EUR 44 mhilliún síos le EUR 19,4 milliún) ar na costais riaracháin atá i gceist leis an rogha beartais ab fhearr agus laghdú breise EUR 16,9 milliún (ó EUR 332 – 447 milliún síos le EUR 315 – 430 milliún) ar an gcostas comhlíontachta. Suim EUR 41,5 milliún den laghdú breise ar chostais, ba é a bheadh inti 10 % den ghlanchostas iomlán arna ríomh le haghaidh na rogha beartais ab fhearr (ó EUR 376 – 491 mhilliún síos le 334 – 450 milliún). I gcás micrifhiontar agus fiontair bheaga, tá an laghdú breise coibhéiseach le beagnach 15 % den ghlanchostas.

Is deacair meastachán a dhéanamh ar an iarmhairt a bheidh ag na ceanglais bhreise níos éadroime sin ar an laghdú ar chaillteanas millíní. Is dócha go dtiocfadh méadú ar chaillteanas millíní de thoradh na gceanglas breise níos éadroime. Má ghlactar leis go dtiocfadh méadú ar chaillteanas millíní agus 10 % ann, d'ísleodh na ceanglais bhreise níos éadroime sin an laghdú

ar chaillteanas millíní faoi thart ar 2 500 go 14 000 t/bliain i gcomparáid leis an rogha beartais ab fhearr.

- **Cearta bunúsacha**

Tá an rogha beartais ab fhearr i gcomhréir le hAirteagal 37 den Chairt um Chearta Bunúsacha, ar i gcomhréir leis nach mór don Aontas ardleibhéal cosanta comhshaoil agus ardcháilíocht chomhshaoil a áirithiú.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon leithdháileadh buiséadach mór nó nua ag teastáil chun an togra seo a chur chun feidhme. Tionscnaimh chomhairleacha ar le Mol Comhairleach InvestEU iad, is féidir iad a ghníomhachtú chun tacú le FBManna na ceanglais a chomhlíonadh, i gcomhar freisin leis an Líonra Fiontar Eorpach. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh aon ghá atá le seirbhísí tacaíochta agus staidéir.

## 5. EILIMINTÍ EILE

### Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe

Gach 3 bliana, ceanglaítear ar na Ballstáit sonraí maidir le fógraí arna dtabhairt ag deimhnitheoirí faoi na deimhnithe a eisítear a sholáthar don Choimisiún. Ina theannta sin, chun feidhmíocht a rianú níos fearr in aghaidh sprioc laghdaithe fhoriomlán 30 % an Choimisiúin faoi 2030, ceanglaítear meastachán ar chaillteanas millíní iomlána arna bhailíochtú go coiteann. Tiomsaíodh meastachán tosaigh le haghaidh an Mheasúnaithe Tionchair a ghabhann leis seo, ach tá tuilleadh oibre ag teastáil chun sin a leathnú sna blianta atá le teacht. Feabhsófar é sin leis an modheolaíocht tomhais chaighdeánaithe agus leis an gceanglas maidir le tuairisciú REACH. Comhaontaíonn páirtithe leasmhara ar an mórgóir go mbeadh córas ann le haghaidh faireachán a dhéanamh ar scaoiltí agus iad a thuairisciú.

## 6MÍNIÚCHÁN MIONSONRAITHE AR FHORÁLACHA SONRACHA AN TOGRA

### 6.1. Cuspóir agus raon feidhme an togra

Sonraítear ábhar an togra le hAirteagal 1, i.e. oibleagáidí maidir le láimhseáil millíní plaisteacha ag gach céim den slabhra soláthair chun caillteanais a chosc. Leagtar amach an raon feidhme le hAirteagal 1 freisin, i.e. na hoibreoirí eacnamaíocha uile a bhfuil baint acu le láimhseáil millíní plaisteacha san Aontas i gcainníochtaí is mó ná 5 thona in aghaidh na bliana, agus iompróirí AE agus iompróirí neamh- AE a iompraíonn millíní plaisteacha san Aontas.

### 6.2 Oibleagáidí agus ceanglais ghinearálta

Gan beann ar na ceanglais láimhseála a leagtar amach sa Rialachán seo, nach mór a chur chun feidhme laistigh de 18 mí ó dháta a theacht i bhfeidhm, bunaítear le hAirteagal 3 oibleagáid ghinearálta ar oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí AE agus iompróirí neamh- AE caillteanais a chosc. Tá feidhm ag an oibleagáid sin ón tráth a thagann an Rialachán i bhfeidhm. Thairis sin, chun é a chur ar a gcumas d’údaráis náisiúnta inniúla seiceálacha maidir le comhlíonadh a dhéanamh go héifeachtúil, ní mór d’oibreoirí eacnamaíocha agus d’iompróirí AE iad a chur ar an eolas maidir lena gcuid gníomhaíochtaí a bhaineann le láimhseáil millíní plaisteacha. Le hAirteagal 4, ceanglaítear ar gach oibreoir eacnamaíoch, gach iompróir AE agus gach

iompróir neamh- AE na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh laistigh de 18 mí ó dháta a theacht i bhfeidhm. Ceanglaítear orthu freisin leis gníomhaíocht a dhéanamh san ord tosaíochta seo a leanas: cosc a dhéanamh chun aon doirteadh millíní ó imshrianadh príomhúil a sheachaint; millíní a doirteadh a imshrianadh chun a áirithiú nach gcaillfear sa chomhshaol iad agus, mar rogha deiridh, glantachán a dhéanamh tar éis teagmhas doirte nó caillteanais.

Tugtar mionsonraí in Airteagal 5 de na ceanglais atá le comhlíonadh. Tá siad sin bunaithe ar an gclár tionscail *Operation Clean Sweep*® (OCS) agus an Moladh neamhcheangailteach a ghlac na páirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh (OSPAR)[16].Is iad seo a leanas na ceanglais:

(1) I gcás oibreoirí eacnamaíocha a oibríonn suiteálacha ina láimhseáiltear millíní plaisteacha, plean measúnaithe riosca a bhunú, a chur chun feidhme agus a choimeád cothrom le dáta i gcomhréir le hIarscríbhinn I;

(2) I gcás oibreoirí eacnamaíocha a oibríonn suiteálacha ina láimhseáiltear millíní plaisteacha, a bplean measúnaithe riosca a sheoladh chuig na húdaráis inniúla in éineacht le féindearbhú comhréireachta arna eisiúint i gcomhréir leis an bhfoirm shamplach a leagtar amach in Iarscríbhinn II;

(3) I gcás iompróirí AE agus iompróirí neamh- AE, gníomhaíochtaí áirithe a chur chun feidhme i gcomhréir le hIarscríbhinn III;

(4) I gcás suiteálacha agus iompróirí AE, a mbaill foirne a oiliúint;

(5) I gcás suiteálacha agus iompróirí AE, faireachán a dhéanamh ar a ngníomhartha cur chun feidhme ábhartha lena n- áirítear, i gcás inarb iomchuí, gníomhartha ceartaitheacha a ghlacadh, agus ar na meastacháin ar chaillteanas millíní, agus taifid díobh sin araon a choimeád, agus aghaidh a thabhairt ar theagmhais agus timpistí móra millíní plaisteacha;

(6) I gcás oibreoirí eacnamaíocha ar fiontair mheánmhéide agus mhóra iad a reáchtálann suiteálacha ina láimhseáiltear millíní plaisteacha i gcainníochtaí is mó ná 1 000 tona in aghaidh na bliana, measúnú inmheánach bliantúil a dhéanamh in éineacht le bearta breise laistigh den phlean measúnaithe riosca, i gcomhréir le hIarscríbhinn 1.

(7) I gcás oibreoirí eacnamaíocha ar fiontair mheánmhéide agus mhóra iad a reáchtálann suiteálacha ina láimhseáiltear millíní plaisteacha i gcainníochtaí is mó ná 1 000 tona in aghaidh na bliana, deimhniú a fháil i gcomhréir leis an bhfoirm shamplach a leagtar amach in Iarscríbhinn 3.

Chun tuilleadh maolaithe a dhéanamh ar na tionchair ar FBManna, sa togra tá ceanglais bhreise dá suiteálacha siúd atá níos éadroime ná na cinn atá sa rogha beartais ab fhearr cheana féin. I gcás micrifhiontar agus fiontair bheaga chomh maith le suiteálacha a láimhseálann millíní plaisteacha i gcainníochtaí is lú ná 1 000 tona in aghaidh na bliana, is mar a leanas na ceanglais sin:

---

16 Cinneadh 98/249/CE ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 1997 i ndáil le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le cosaint mhuirthimpeallacht an Atlantaigh thoir thuaidh, IO L 104, 3.4.1998, lch. 1–1

- Gan aon oibleagáid deimhniú tríú páirtí a fháil, ach féindearbhú comhréireachta ina ionad sin chomh maith le bailíocht níos faide ag an bhféindearbhú (5 bliana);
- Gan aon oibleagáid measúnuithe inmheánacha a dhéanamh;
- Gan aon oibleagáid athbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnaithe comhlíontachta ag cruinnithe foirmiúla bainistíochta; agus
- Gan aon oibleagáid clár feasachta agus oiliúna a bhunú.

Le hAirteagal 4, ceanglaítear ar gach oibreoir eacnamaíoch, gach iompróir AE agus gach iompróir neamh- AE na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh laistigh de 18 mí ó dháta a theacht i bhfeidhm. Ceanglaítear orthu freisin leis gníomhaíocht a dhéanamh san ord tosaíochta seo a leanas: cosc a dhéanamh chun aon doirteadh millíní ó imshrianadh príomhúil a sheachaint; millíní a doirteadh a imshrianadh chun a áirithiú nach gcaillfear sa chomhshaol iad agus, mar rogha deiridh, glantachán a dhéanamh tar éis teagmhas doirte nó caillteanais.

Oibreoirí eacnamaíocha ar fiontair mheánmhéide iad a reáchtálann suiteálacha ina láimhseáiltear millíní plaisteacha i gcainníochtaí is mó ná 1 000 tona in aghaidh na bliana, beidh siad faoi réir an cheanglais níos éadroime seo a leanas:

- Deimhniú a bhfuil idirthréimhse níos faide aige ná mar atá i gcás fiontair mhóra roimh an gcéad deimhniú (36 mhí in ionad 24 mhí) agus bailíocht níos faide ag an deimhniú (4 bliana in ionad 3 bliana).

Ar an gcaoi chéanna, tá feidhm ag ceanglais shonracha maidir le hiompróirí AE agus neamh- AE a iompraíonn millíní plaisteacha i bhfianaise shainiúlachtaí a ngníomhaíochtaí a bhaineann le millíní.

### 6.3 Córas comhlíontachta

Le hAirteagal 5, tugtar mionsonraí maidir le hoibleagáidí atá le comhlíonadh, ar leibhéal an láithreáin, chun seiceálacha comhlíontachta údarás náisiúnta inniúil a éascú. Déantar deimhnithe (a mbeidh deimhnithe comhréireachta mar thoradh orthu mar a thuairiscítear in Airteagal 5) a chéimniú isteach i gcaitheamh tréimhse áirithe. Déantar foráil le hIarscríbhinn II maidir le formáid an deimhnithe comhréireachta. Ní mór deimhnitheoirí a bheith ina ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, nó ina gcomhlachas nó ina ngrúpa daoine den sórt sin, a bhfuil ceadúnas faighte acu chun fíorú agus bailíochtú a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán EMAS, nó ina gcomhlachtaí atá creidiúnaithe go hoifigiúil, nach bhfuil aon choinbhleacht leasa acu, agus a bhfuil an saineolas, an trealamh agus an bonneagar is gá acu. Le hAirteagal 7, sainítear forálacha atá le comhlíonadh ag deimhnitheoirí chun go mbeidh siad creidiúnaithe ag na Ballstáit. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar chomhréireacht, ní mór do dheimhnitheoirí spotseiceálacha a úsáid. Nuair a bheidh deimhniú eisithe ag na deimhnitheoirí , ceanglaítear orthu fógra a thabhairt faoi sin don údarás inniúil, nach mór clár comhfhreagrach a choimeád. Ní mór an clár sin a bheith ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin chun críoch trédhearcachta.

De réir Airteagal 6, oibreoirí eacnamaíocha atá cláraithe leis an scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (‘EMAS’), measfar go bhfuil siad comhlíontach agus díolmhaithe dá bhrí sin ón oibleagáid deimhniú a fháil agus fógra a thabhairt faoi athnuachaintí ar an bplean measúnaithe riosca agus ar an bhféindearbhú comhréireachta de bhun an Rialacháin seo.

I gcás inarb infheidhme, ceanglaítear ar oibreoirí eacnamaíocha fógra a thabhairt don údarás inniúil faoina bhféindearbhuithe comhréireachta. Ní mór d'údaráis inniúla clár comhfhreagrach a choimeád, nach mór a bheith ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin chun críoch trédhearcachta.

## 6.4 Forálacha forfheidhmiúcháin

Leagtar amach le hAirteagal 8 gur faoi chúram na n- údarás náisiúnta inniúil é a fhíorú go gcomhlíonann oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí AE agus iompróirí neamh- AE ceanglais agus rialacha an Rialacháin seo. Tá coinne go ndéanfaidh siad cigireacht comhshaoil nó seiceálacha eile, agus faisnéis a sheolann deimhnitheoirí agus oibreoirí eacnamaíocha (féindearbhuithe, pleananna measúnaithe riosca) á cur san áireamh agus aghaidh á tabhairt ar ghearáin a dhéanann daoine nádúrtha nó dlítheanacha nó eagraíochtaí de réir Airteagal 14. Leagtar amach freisin le hAirteagal 8 oibleagáidí tuairiscithe ar na Ballstáit, is é sin tuarascáil a dhéanamh gach 3 bliana don Choimisiún maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

Le hAirteagal 4, tugtar teidlíocht d'údaráis náisiúnta inniúla a cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha tuilleadh beart a chur chun feidhme sa chás go meastar nach leormhaith iad na cinn atá bunaithe sna pleananna agus curtha chun feidhme. Cumhachtaítear iad le hAirteagal 9 aon bheart leantach is iomchuí a fhorchur ar oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí AE agus iompróirí neamh- AE i gcás teagmhais agus timpistí tromchúiseacha. Leagtar amach le hAirteagal 10, i gcás neamhchomhlíonadh as a dtiocfadh garchontúirt do shláinte an duine nó éifeachtaí díobhálacha ar an gcomhshaol, gur cheart údaráis inniúla a bheith in ann a ordú go gcuirfear oibríochtaí ar fionraí. Sainítear cumhachtaí imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin in Airteagal 11. Maidir le sáruithe, sainítear sraith oibleagáidí le hAirteagal 15 a bhíonn ar na Ballstáit a urramú agus a gcóras pionóis á shainiú acu.

Is é is aidhm d'Airteagal 16 maidir le cúiteamh, i gcás ina ndearnadh dochar don tsláinte mar thoradh, go hiomlán nó go páirteach, ar shárú ar an Rialachán seo, go mbeidh an pobal lena mbaineann in ann cúiteamh i leith an dochair sin a éileamh agus a fháil ó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach as an sárú agus, i gcás inarb ábhartha, ó na húdaráis inniúla ábhartha.

Leagtar feidhmiú an tarmligin amach le hAirteagal 17. Leagtar amach in Airteagal 18 na rialacha maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

## 6.5 Cúnamh do FBManna

Áirithítear tionscnaimh le hAirteagal 12 chun cuidiú le FBManna sa slabhra soláthair millíní an Rialachán a chur chun feidhme. Go sonrach, ceanglaítear ar an gCoimisiún ábhar múscailte feasachta agus oiliúna a bhunú maidir le cur chun feidhme fónta na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfaighidh na fiontair sin rochtain ar fhaisnéis agus cúnamh maidir le comhlíonadh an Rialacháin. Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair, féadfaidh an cúnamh do na Ballstáit a bheith sna foirmeacha seo a leanas: tacaíocht airgeadais; rochtain ar mhaoiniú; bainistíocht speisialaithe agus oiliúint foirne; agus cúnamh eagraíochtúil agus teicniúil.

## 6.6 Modheolaíocht chaighdeánaithe

Cé gur féidir iad a bhreathnú, ní dhéantar caillteanas millíní plaisteacha a thomhas go gnáthúil. Ceanglas tuairiscithe REACH maidir le meastacháin ar an méid millíní a chailltear ar bhonn bliantúil, rannchuideoidh sé le faisnéis mhéadaithe maidir le caillteanas millíní. Mar sin féin, ní dhéantar foráil leis maidir le haon mhodheolaíocht chun caillteanas millíní a

thomhas. Le hAirteagal 13, ceanglaítear ar an gCoimisiún a iarraidh ar eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeán a bhunú chun meastachán a dhéanamh ar chainníochtaí millíní a chailltear sa chomhshaol.

2023/0373 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le caillteanas millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[17],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[18],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá micreaphlaistigh ina substaint uileláithreach dianseasmhach trasteorann. Déanann siad díobháil don chomhshaol agus d'fhéadfaidís díobháil a dhéanamh do shláinte an duine. Iompraítear micreaphlaistigh go héasca tríd an aer agus in uiscí dromchla talún agus sruthanna aigéin, agus is toisc ghéaraitheach í a soghluaisteacht. Faightear san ithir iad (lena n- áirítear tailte talmhaíochta) agus i lochanna, in aibhneacha, in inbhir, ar thránna, i murlaigh, i bhfarraigí, in aigéin agus i réigiúin iargúlta a bhíodh gan mhilleadh tráth, agus de dheasca iad a bheith san ithir d'fhéadfadh éifeachtaí a bheith aige sin ar airíonna ithreach agus d'fhéadfadh sé athruithe ar an ithir a spreagadh a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar fhás roinnt plandaí. Tá doiciméadú forleathan déanta ar thionchair micreaphlaisteach ar an muirthimpeallacht. Tar éis dóibh dul isteach sa mhuirthimpeallacht, tá sé beagnach dodhéanta micreaphlaistigh a bhailiú, agus is eol go n- itheann raon orgánach agus ainmhithe iad agus go ndéanann siad díobháil don bhithéagsúlacht agus d'éiceachórais. Féadfar marthanacht millíní plaisteacha sa timpeallacht uisceach a thomhas i gcaitheamh scór éigin bliain nó tréimhse is faide, agus má dhéanann fiadhúlra muirí, go háirithe éin mhara agus turtair mhara, millíní plaisteacha a ionghabháil, d'fhéadfaidís díobháil fhisiceach a dhéanamh dóibh nó a bheith ina gcúis bháis. Cuireann micreaphlaistigh leis an athrú aeráide freisin mar fhoinse bhreise astaíochtaí gás ceaptha teasa agus brú ar éiceachórais araon. Is cuid dhílis den fhadhb é go bhféadfadh micreaphlaistigh feidhmiú mar iompróir substaintí tocsaineacha asúite nó miocrorgánach pataigineach. Nochtar daoine ar mhicreaphlaistigh tríd an aer agus trí thomhaltas bia. An fheasacht mhéadaithe faoi mhicreaphlaistigh a bheith sa slabhra bia, d'fhéadfadh sí dochar a

17 IO C , , , lch. .

18 IO C , , , lch. .

dhéanamh do mhuinín tomhaltóirí agus d'fhéadfadh iarmhairtí eacnamaíocha a bheith léi. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchair eacnamaíocha dhiúltacha ar ghníomhaíochtaí amhail an iascaireacht tráchtála agus an talmhaíocht chomh maith leis an áineas agus an turasóireacht i limistéir a ndéanann na scaoiltí difear dóibh.

(2) Sa tuairim uathu dar teideal *Environmental and health risks of microplastic pollution* [Rioscaí comhshaoil agus sláinte a bhaineann le truailliú micreaphlaisteach], bhreithnigh Grúpa Príomhchomhairleoirí Eolaíochta an Choimisiúin go bhfuil 'cúiseanna móra imní ann agus cúiseanna móra le bearta réamhchúraim a dhéanamh'[19].

(3) Tá caillteanas millíní plaisteacha ar an tríú foinse is mó micreaphlaisteach a scaoiltear go neamhbheartaithe isteach sa chomhshaol san Aontas agus tarlaíonn sé i ngeall ar dhroch- chleachtais láimhseála ag gach céim den slabhra soláthair, lena n- áirítear táirgeadh, próiseáil, dáileadh, iompar, lena n- áirítear iompar ar muir, agus oibríochtaí lóistíochta eile. Tá sé fíor- riachtanach dá réir sin cur chuige i leith an tslabhra soláthair a ghlacadh chun gealltanas na ngníomhaithe eacnamaíocha uile a bhfuil baint acu le láimhseáil millíní plaisteacha a áirithiú, ar gealltanais iad i leith caillteanas a chosc. Ó bhí 2015 ann, tá an clár idirnáisiúnta *Operation Clean Sweep®* (OCS) glactha de réir a chéile ag tionscal monaraíochta ábhar plaisteach na hEorpa mar ghealltanas deonach. Faoin gclár sin, aithníonn gach cuideachta a dhéanann nó a láimhseálann millíní a thábhachtaí atá sé gan aon chaillteanas millíní a bheith ann agus geallann siad dea- chleachtais a ghlacadh. Cé go mbíonn tuiscint mhaith go ginearálta ag sínitheoirí OCS ar chleachtais den sórt sin, níor cuireadh chun feidhme go cuimsitheach iad. Tá glacadh an chláir ag an tionscal ábhar plaisteach íseal fós.

(4) Tá imní léirithe sa chuid is mó den domhan maidir le tionchair an truaillithe mhicreaphlaistigh ar an gcomhshaol agus b'fhéidir ar shláinte an duine. Tá bearta tiomnaithe glactha nó beartaithe ag roinnt Ballstát. Mar sin féin, d'fhéadfadh meascán de shrianta náisiúnta bac a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

(5) Mar iarracht dul i ngleic leis an truailliú plaisteach, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht i mí Eanáir 2018 dar teideal 'Straitéis Eorpach maidir le hÁbhair Phlaisteacha'[20] inar aithin sé na rioscaí a bhaineann le micreaphlaistigh agus inar iarr sé réitigh nuálacha a bheadh spriocdhírithe ar na foinsí éagsúla micreaphlaisteach. Rinneadh an gealltanas sin a athnuachan nuair a glacadh an Comhaontú Glas don Eoraip i mí na Nollag 2019, Plean Gníomhaíochta nua an Aontais Eorpaigh don Gheilleagar Ciorclach[21] i mí an Mhárta 2020 agus an Plean Gníomhaíochta Saor ó Thruailliú[22] i mí na Bealtaine 2021. Áirítear sa Phlean Gníomhaíochta Saor ó Thruailliú, i measc a spriocanna le haghaidh 2030, an méid micreaphlaisteach a scaoiltear sa chomhshaol a laghdú 30 %.

(6) Le Rialachán (AE) 2023/2055 ón gCoimisiún[23] tugtar aghaidh ar an truailliú micreaphlaisteach trí shrian a fhorchur ar mhicreaphlaistigh a chur ar an margadh, ar

---

[19] Scientific opinion on the environmental and health risks of microplastic pollution [Tuairim eolaíoch maidir leis na rioscaí comhshaoil agus sláinte a bhaineann le truailliú micreaphlaisteach], mí Aibreáin 2019

[20] COM(2018) 28 final

[21] COM(2020)98 final, 2020.

[22] COM(2021) 400 final

[23] Rialachán (AE) 2023/2055 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2023 lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a mhéid a bhaineann le micreacháithníní polaiméire sintéisí (IO L 238, 27.9.2023, lch. 67).

micreaphlaistigh iad a chuirtear le táirgí d'aon ghnó (an 'srian'), toisc go bhfuil truailliú micreaphlaisteach nach beag ann, rud a eascraíonn as úsáid mhicreacháithníní polaiméire sintéisí astu féin nó atá i láthair d'aon turas i dtáirgí, agus toisc go mbaineann riosca doghlactha don chomhshaol leis an truailliú.

(7) In 2021 ghlac na páirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh (OSPAR) Moladh neamhcheangailteach 2021/06[24] chun cailleadh na millíní plaisteacha sa mhuirthimpeallacht a laghdú trí fhorbairt agus cur chun feidhme caighdeán éifeachtach comhsheasmhach um chaillteanas millíní a chosc agus scéimeanna deimhniúcháin le haghaidh an tslabhra soláthair plaistigh ar fad. Tá bearta á scrúdú ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta chun an riosca atá bainteach le muiriompar na millíní plaisteacha a íoslaghdú.

(8) San aighneacht ón Aontas a cuireadh faoi bhráid Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe i bhfianaise an dara seisiún den Choiste Caibidlíochta Idir- Rialtasach um ionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir leis an truailliú plaisteach (INC-2)[25], chuir an tAontas agus a Bhallstáit i dtábhacht an gá go n- áireofar bearta san ionstraim a bheidh ann amach anseo, ar bearta iad chun scaoiltí neamhbheartaithe micreaphlaisteach a laghdú.

(9) D'ainneoin reachtaíocht an Aontais a bhaineann leis an dramhaíl, an truailliú, bruscar muirí agus ceimiceáin a chosc, níl aon riail shonrach de chuid an Aontais ann lena gcoisctear caillteanas millíní mar fhoinse truaillithe micreaphlaistigh ar feadh an tslabhra soláthair ar fad. Le Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] leagtar síos prionsabail bhunúsacha maidir le bainistiú dramhaíola agus forchuirtear oibleagáidí ginearálta ar na Ballstáit chun bearta a dhéanamh chun giniúint dramhaíola a chosc. Ba cheart na hoibleagáidí ginearálta sin a chomhlánú trí aghaidh a thabhairt ar ghnéithe agus ar cheanglais shonracha maidir le millíní plaisteacha a láimhseáil go cúramach i dtreo nach dramhaíl a bheidh iontu.

(10) Cé go bhfuil táirgeadh na n- ábhar polaiméireach ar scála tionsclaíoch faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27], ní chumhdaítear gníomhaíochtaí eile leis an Treoir sin, amhail tiontú, iompar nó stóráil na millíní, ar fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a bhíonn i mbun na ngníomhaíochtaí sin de ghnáth. Thairis sin, an Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil i dTáirgeadh na bPolaiméirí ó mhí Lúnasa 2007[28], a leagadh síos de bhun Threoir 96/61/CE ón gComhairle[29] a bhaineann le cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú, ní thugann sé aghaidh ar shaincheist sonrach chaillteanas na millíní.

---

24 Moladh OSPAR 2021/06 maidir le caillteanas millíní plaisteacha sa mhuirthimpeallacht a laghdú

25 UNEP, Aighneacht Réamhsheisiúin an Aontais roimh an Dara Seisiún den Choiste Caibidlíochta Idir- Rialtasach chun ionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí a fhorbairt maidir leis an truailliú plaisteach, 2023

26 Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n- aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

27 Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17).

28 https://eippcb.jrc.ec.europa.eu/sites/default/files/2019-11/pol_bref_0807.pdf

29 Treoir 96/61/CE ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 1996 maidir le cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú (IO L 257, 10.10.1996, lch. 26).

(11) Tugann Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] aghaidh ar an bhfaireachán agus ar an measúnú ar thionchair an mhicreabhruscair, lena n- áirítear micreaphlaistigh, sa chomhshaol cósta agus sa mhuirthimpeallacht. Uasdátú ar an chéad treoraíocht maidir le faireachán a dhéanamh ar an mbruscar muirí, tá sé á fhorbairt i bhfianaise modheolaíochtaí comhchuibhithe lena n- áirítear modheolaíocht chun faireachán a dhéanamh ar láithreacht agus ar dháileadh na millíní plaisteacha ar feadh an chósta. Mar sin féin, ní áirítear le Treoir 2008/56/CE ceanglais shonracha a bhaineann le caillteanas na millíní ag an bhfoinse a chosc nó a laghdú.

(12) Le Rialachán (AE) 2023/2055 ón gCoimisiún tugtar aghaidh ar chaillteanas na micreacháithníní polaiméire sintéisí lena n- úsáid ag suíomhanna tionsclaíocha, i.e. millíní plaisteacha, mar scaoiltí inseachanta. I gcás na scaoiltí sin, tugadh ceanglas tuairiscithe isteach maidir le meastachán a dhéanamh faoi chainníocht na micreaphlaisteach a scaoiltear sa chomhshaol ar bhonn bliantúil. Cé go bhfuil modheolaíocht in easnamh ar an gceanglas sin chun meastachán a dhéanamh faoi chaillteanas, cuirfear leis an bhfaisnéis faoi chaillteanas na millíní leis an gceanglas agus cuirfear feabhas ar cháilíocht na faisnéise a bhailítear chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a dhíorthaíonn as na micreaphlaistigh sin amach anseo.

(13) Chun a áirithiú go ndéanfar millíní plaisteacha a láimhseáil go sábháilte agus go freagrach ag gach céim den slabhra soláthair, chun go gcoiscfear caillteanas sa chomhshaol, is gá ceanglais a leagan síos maidir le millíní plaisteacha a láimhseáil ar feadh an tslabhra soláthair ar fad: táirgeadh, máistirbhaisceáil agus máistirmheascadh, tiontú, bainistiú dramhaíola, lena n- áirítear athchúrsáil, dáileadh, athphacáil, iompar, stóráil agus glanadh umar ag stáisiúin ghlantacháin.

(14) Leis na ceanglais sin, ba cheart dea- chleachtais láimhseála a mholtar go hidirnáisiúnta a chur san áireamh mar aon le ceanglais atá ann cheana maidir le millíní plaisteacha a láimhseáil, ar ceanglais iad a leag an tionscal san Aontas síos.

(15) Oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad, ba cheart dóibh na ceanglais a chur chun feidhme maidir le millíní plaisteacha a láimhseáil trí ord tosaíochta gníomhaíochta a leanúint, agus é de phríomhsprioc leis sin scaoileadh na millíní sa chomhshaol a chosc mar an tosaíocht is tábhachtaí. Dá bhrí sin, doirteadh millíní plaisteacha ó imshrianadh príomhúil a chosc le linn na gnáthláimhseála, rud lena ndéantar riosca an doirte a laghdú go dtí an leibhéal is ísle is féidir, ba cheart gurbh é sin an chéad chéim a bheadh san ord gníomhaíochta, agus aon láimhseáil neamhriachtanach á seachaint mar chuid de sin (trí na pointí aistrithe a laghdú mar shampla) agus trí phacáistíocht atá díonach ar pholladh a úsáid, agus millíní doirte a imshrianadh dá éis sin chun a áirithiú nach gcaillfear sa chomhshaol iad, agus trí ghlantachán a dhéanamh tar éis teagmhas doirte nó caillte mar chéim dheiridh.

(16) Cé gurb é an aidhm go gcoiscfear caillteanas millíní plaisteacha sa chomhshaol i gcás na n- oibreoirí eacnamaíocha uile, agus na n- iompróirí uile ar de chuid an Aontais agus nach de chuid an Aontais iad, ba cheart oibleagáidí le haghaidh micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a choigeartú chun an t- ualach orthu a mhaolú.

30 Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht an Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

(17) Clárú na suiteálacha a láimhseálann millíní plaisteacha agus na n- iompróirí a iompraíonn iad, is gá é sin ar mhaithe le hinrianaitheacht na millíní plaisteacha a láimhseáiltear agus a iompraítear i ngach Ballstát agus chun go mbeidh údaráis inniúla in ann seiceálacha comhlíontachta a dhéanamh go héifeachtúil.

(18) Chun caillteanas millíní plaisteacha a chosc, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha plean measúnaithe riosca a leagan síos, a chur chun feidhme, agus a thabhairt cothrom le dáta ag gach tráth lena sainaithneofar an acmhainneacht go bhféadfadh doirteadh agus caillteanas tarlú agus doiciméadú a dhéanamh go háirithe ar threalamh agus ar nósanna imeachta sonracha atá i bhfeidhm chun caillteanas millíní a chosc, a imshrianadh agus a ghlanadh, agus méid na suiteála agus scála na n- oibríochtaí á gcur san áireamh.

(19) Chun é a chur ar a gcumas d'údaráis inniúla comhlíontacht le ceanglais an phlean measúnaithe riosca a fhíorú, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha an plean measúnaithe riosca atá déanta acu a sholáthar don údarás inniúil, in éineacht le féindearbhú comhréireachta.

(20) An trealamh sonrach a bheidh le suiteáil nó an nós imeachta a bheidh le forghníomhú, ba cheart oibreoirí eacnamaíocha a bheith in ann é a roghnú. Dá ainneoin sin, agus an chomhlíontacht á fíorú ba cheart d'údaráis inniúla a bheith in ann é a chur de cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha an plean measúnaithe riosca a leasú, lena n- áirítear é sin a dhéanamh trí aon cheann de na gníomhaíochtaí a liostaítear sa Rialachán seo a dhéanamh, i dtráthchlár ar leith, chun cur chun feidhme leordhóthanach cheanglais an Rialacháin seo a áirithiú.

(21) Chun meastóireacht a dhéanamh ar leordhóthanacht an phlean measúnaithe riosca a dhéantar i gcás gach suiteála, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha taifead a choimeád ar mheastachán faoi chainníocht na millíní a scaoiltear sa chomhshaol in aghaidh na bliana, in éineacht leis an méid iomlán a láimhseáiltear. Chun an t-ualach ar oibreoirí eacnamaíocha a laghdú, féadfar úsáid a bhaint as an bhfaisnéis ar mheastacháin faoi chainníochtaí a scaoiltear faoi chuimsiú an cheanglais tuairiscithe faoi Rialachán (AE) 2023/2055 ón gCoimisiún.

(22) I ngeall ar shaintréithe a ngníomhaíochta, níor cheart iompróirí a shainordú chun plean measúnaithe riosca a dhéanamh. Ina áit sin, ba cheart é a chur de cheangal orthu tabhairt faoi bhearta inláimhsithe arb é is aidhm dóibh doirteadh agus caillteanas a chosc agus a imshrianadh agus aghaidh a thabhairt orthu. Ba cheart na bearta sin a bheith faoi réir a bhfíoraithe ag údaráis inniúla, le linn an phróisis iompair go príomha.

(23) Chun na gníomhaíochtaí a cheanglaítear chun caillteanas millíní plaisteacha a chosc a chur chun feidhme go rathúil, tá gá le comhar agus tiomantas iomlán fhostaithe na n- oibreoirí eacnamaíocha, fostaithe iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus fostaithe iompróirí nach de chuid an Aontais iad. Ba cheart é a chur de cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha ar iompróirí de chuid an Aontais oiliúint a chur ar a bhfoireann de réir róil agus fhreagrachtaí sonracha a bhfostaithe chun a áirithiú go mbeidh siad ar an eolas faoin trealamh agus in ann é a úsáid agus go ndéanfaidh siad na nósanna imeachta a fhorghníomhú, ar nósanna imeachta iad is gá chun comhlíontacht leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a áirithiú. Ba cheart é a chur de cheangal freisin ar oibreoirí eacnamaíocha agus ar iompróirí de chuid an Aontais faireachán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ábhartha chun na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a chur chun feidhme agus taifid a choimeád ar na gníomhaíochtaí sin, mar shampla socrú feistí gabhála. I gcás inarb iomchuí, ba cheart dóibh gníomhartha ceartaitheacha a ghlacadh lena n- áirítear, i gcás inar gá, feabhas a chur ar threalamh agus ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm.

(24) Fiontair mheánmhéide agus mhóra a oibríonn suiteálacha mar a láimhseáiltear millíní plaisteacha i gcainníochtaí os cionn 1 000 tona, d'fhéadfadh rioscaí níos airde a bheith i gceist leo go gcaillfí millíní plaisteacha sa chomhshaol. Ar an gcúis sin, ba cheart é a chur de cheangal ar na fiontair sin gníomhaíochtaí breise a chur chun feidhme, i gcás gach suiteála, amhail measúnú inmheánach bliantúil a dhéanamh, agus clár oiliúna a ghlacadh a thabharfaidh aghaidh ar riachtanais agus ar mhódúlachtaí sonracha oiliúna. Ina theannta sin, i gcás na bhfiontar sin, ba cheart comhlíontacht leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a léiriú trí dheimhniú arna eisiúint ag deimhnitheoirí a fháil, agus a athnuachan. Na deimhnitheoirí sin, d'fhéadfadh comhlacht creidiúnaithe um measúnú comhréireachta nó fíoraitheoir comhshaoil a bheith i gceist atá ceadúnaithe chun fíorú agus bailíochtú a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31] maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil de chuid an Chomhphobail Eorpaigh (EMAS). Ba cheart an deimhniú sin a bheith ag comhfhreagairt d'fhormáid uathúil chun faisnéis aonfhoirmeach a áirithiú.

(25) Micrifhiontair agus fiontair bheaga, agus fiontair mheánmhéide agus mhóra a oibríonn suiteálacha inar láimhseáladh millíní plaisteacha i gcainníochtaí faoi bhun 1 000, ba cheart é a chur de cheangal orthu a bheith faoi réir féindearbhú comhréireachta. Ba cheart tréimhse leordhóthanach a thabhairt dóibh freisin chun a gcomhlíontacht a léiriú.

(26) Chun é a chur ar a gcumas d'údaráis inniúla an chomhlíontacht a fhíorú ar bhealach níos éifeachtúla faoin Rialachán seo, ba cheart do dheimhnitheoirí fógra a thabhairt d'údaráis inniúla faoi thoradh a measúnuithe. Níor cheart réamhbhreithiúnas a dhéanamh leis na deimhnithe ar an measúnú ar chomhlíontacht na n-údarás inniúil.

(27) Chun bheith cláraithe faoi EMAS, ceanglaítear ar oibreoirí eacnamaíocha reachtaíocht chomhshaoil a chomhlíonadh, lena n- áirítear an Rialachán seo. Dá dheasca sin, oibreoirí eacnamaíocha atá cláraithe faoi EMAS, ba cheart a mheas go bhfuil siad comhlíontach leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo ar choinníoll go mbeidh sé fíoraithe ag fíoraitheoir comhshaoil gur áiríodh ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo ina gcóras bainistíochta comhshaoil agus gur cuireadh chun feidhme iad. Dá bhrí sin, ba cheart na hoibreoirí eacnamaíocha sin a dhíolmhú ó oibleagáid an deimhniúcháin agus ón oibleagáid fógra a thabhairt d'údaráis inniúla agus féindearbhuithe agus measúnuithe riosca á n- athnuachan acu.

(28) Comhlíontacht na n- oibreoirí eacnamaíocha, na n- iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus na n- iompróirí nach de chuid an Aontais iad leis na hoibleagáidí a eascraíonn as an Rialachán seo, ba cheart d'údaráis inniúla an chomhlíontacht sin a fhíorú agus úsáid á baint, más iomchuí, as na torthaí a soláthraíodh mar chuid den deimhniúchán nó mar fhéindearbhuithe, bunaithe ar chigireachtaí comhshaoil nó ar bhearta fíorúcháin eile, ar chur chuige rioscabhunaithe. Ba cheart cigireachtaí, i gcás inar féidir, a chomhordú leis na cigireachtaí a cheanglaítear faoi reachtaíocht eile an Aontais. Ba cheart d'údaráis inniúla faisnéis faoi chur chun feidhme an Rialacháin seo a sholáthar don Choimisiún.

---

[31] Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, Cinneadh 2001/681/CE ón gCoimisiún agus Cinneadh 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO L 342, 22.12.2009, lch. 1).

(29) Chun éifeachtaí aon chaillteanais a íoslaghdú, ba cheart don oibreoir eacnamaíoch, don iompróir ar de chuid an Aontais é agus don iompróir nach de chuid an Aontais é na bearta is gá a dhéanamh chun an chomhlíontacht a athbhunú. Ba cheart an ghníomhaíocht cheartaitheach is gá a bheith i gcomhréir leis an sárú a bhraitear agus leis na héifeachtaí díobhálacha a mheastar a bheidh aige ar an gcomhshaol. I gcás ina mbraitheann údaráis inniúla sárú ar an Rialachán seo, ba cheart dóibh fógra a thabhairt don oibreoir eacnamaíoch, don iompróir de chuid an Aontais nó don iompróir nach de chuid an Aontais é faoin sárú a braitheadh agus ba cheart dóibh é a chur de cheangal orthu bearta ceartaitheacha a dhéanamh chun an chomhlíontacht a athbhunú.

(30) Ba cheart tacar íosta cumhachtaí iniúchta agus forfheidhmithe a bheith ag údaráis inniúla chun comhlíontacht leis an Rialachán seo a áirithiú, chun dul i gcomhar le chéile ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtúla, agus chun oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad a dhíspreagadh ó shárú na Rialacháin seo. Ba cheart na cumhachtaí sin a bheith leordhóthanach chun dul i ngleic leis na dúshláin forfheidhmithe agus chun cosc a chur ar oibreoirí eacnamaíocha leas a bhaint as bearnaí sa chóras forfheidhmithe trí athlonnú chuig na Ballstáit sin nach bhfuil sé ar chumas a n- údarás inniúil dul i ngleic le cleachtais neamhdhleathacha.

(31) Ba cheart na húdaráis inniúla a bheith in ann fíorais agus imthosca uile an cháis a úsáid mar fhianaise chun críoch a gcigireachta.

(32) Ba cheart do micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide (FBManna) sa slabhra soláthair millíní na hoibleagáidí ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh, ach d’fhéadfadh costais agus deacrachtaí a níos airde a bheith rompu agus cuid de na hoibleagáidí á gcomhlíonadh acu. Ba cheart don Choimisiún cur leis an bhfeasacht i measc oibreoirí eacnamaíocha agus iompróirí maidir leis an riachtanas go gcoiscfear caillteanas millíní. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún ábhair oiliúna a fhorbairt chun cúnamh a thabhairt dóibh a n- oibleagáidí a chomhlíonadh, go háirithe a mhéid a bhaineann le ceanglais an mheasúnaithe riosca. Ba cheart do na Ballstáit rochtain ar fhaisnéis agus ar chúnamh a sholáthar maidir le comhlíontacht le hoibleagáidí agus ceanglais an mheasúnaithe riosca. Maidir le cúnamh na mBallstát, d’fhéadfaí tacaíocht theicniúil agus airgeadais mar aon le hoiliúint speisialaithe do FBManna a áireamh air. Ba cheart gníomhaíochtaí na mBallstát a dhéanamh i leith na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair.

(33) Chun éascaíocht a dhéanamh d’fhoras coiteann i dtaca le meastachán a dhéanamh ar chaillteanais na millíní plaisteacha sa chomhshaol, is gá modheolaíocht chaighdeánaithe a bheith ann a leagtar síos i gcaighdeán comhchuibhithe a ghlactar i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32].

---

[32] Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lgh. 12–33*)*

(34) Déantar foráil i Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 maidir le nós imeachta chun agóidí a dhéanamh i gcoinne caighdeáin chomhchuibhithe i gcás nach gcomhlíonann na caighdeáin sin na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo ina n- iomláine.

(35) Chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí an Rialachán seo agus go bhforfheidhmeofar na ceanglais go héifeachtach, ba cheart do na Ballstáit a n- údaráis inniúla féin a ainmniú a bheidh freagrach as an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. I gcásanna ina bhfuil níos mó ná údarás inniúil amháin ainmnithe ina gcríoch, chun feidhmiú éifeachtach dhualgais na n- údarás inniúil a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit dlúthchomhar a áirithiú idir na húdaráis inniúla ainmnithe uile.

(36) Chun an chomhlíontacht a áirithiú, ba cheart do na húdaráis inniúla na céimeanna is gá a dhéanamh freisin, lena n- áirítear cigireachtaí agus éisteachtaí nuair a bhíonn faisnéis ábhartha ina seilbh acu agus bunaithe ar fhaisnéis den sórt sin, lena n- áirítear gearáin chuí- réasúnaithe arna gcur isteach ag tríú páirtithe. Ba cheart do thríú páirtithe a bhfuil gearán á chur isteach acu a bheith in ann leas leordhóthanach a léiriú nó lagú cirt a áitiú.

(37) Maidir le haon bheart arna dhéanamh ag a n- údaráis inniúla faoin Rialachán seo, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na bearta sin faoi réir leigheasanna breithiúnacha éifeachtacha i gcomhréir le hAirteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[33]. De réir chásdlí socair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is faoi chúirteanna na mBallstát cosaint bhreithiúnach ar chearta duine faoi dhlí an Aontais a áirithiú. Sa bhreis air sin, le hAirteagal 19(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach ceanglaítear ar na Ballstáit leigheasanna a chur ar fáil atá leordhóthanach chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais. I ndáil leis sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar rochtain ar cheartas a áirithiú don phobal, lena n- áirítear daoine nádúrtha nó dlítheanacha i gcomhréir leis an Rialachán seo, i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá aontaithe ag na Ballstáit mar pháirtithe i gCoinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil an 25 Meitheamh 1998 (‘Coinbhinsiún Aarhus’)[34].

(38) Chun a áirithiú go ndíspreagtar oibreoirí eacnamaíocha go héifeachtach maidir le neamhchomhlíontacht leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos i dtaca leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus a áirithiú go gcuirfear na rialacha sin chun feidhme. Ba cheart na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Chun cur i bhfeidhm níos comhsheasmhaí pionós a éascú, is gá critéir choiteanna a leagan síos chun cineálacha agus leibhéil na bpionós a bheidh le forchur i gcás sárú a chinneadh. Ba cheart a áireamh leis na critéir sin, *inter alia*, cineál agus tromchúis an tsáraithe chomh maith leis na tairbhí eacnamaíocha a eascraíonn as an sárú chun a áirithiú go mbainfear na sochair sin díobh siúd atá freagrach.

(39) Agus pionóis agus bearta le haghaidh sáruithe á leagan síos, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh, bunaithe ar thromchúis an tsáraithe, gur cheart do leibhéal na bhfíneálacha an tairbhe eacnamaíoch a eascraíonn as neamhchomhlíontacht leis na hoibleagáidí a eascraíonn as an Rialachán seo, lena n- áirítear cásanna sáruithe

---

[33] *IO C 326, 26.10.2012, lgh. 391–407: IO C 326, 26.10.2012, lgh. 391–407*

[34] https://unece.org/environment-policy/public-participation/aarhus-convention/text

leantacha, a bhaint go héifeachtach den oibreoir eacnamaíoch neamhchomhlíontach agus d'iompróirí neamhchomhlíontacha ar de chuid an Aontais iad agus d'iompróirí neamhchomhlíontacha nach de chuid an Aontais iad. Ba cheart tromchúis an tsáraithe a bheith ina príomhchritéar maidir leis na bearta a dhéanann na húdaráis forfheidhmiúcháin. I gcás sárú arna dhéanamh ag duine dlítheanach, ba cheart 4 % ar a laghad den láimhdeachas bliantúil eacnamaíoch sa Bhallstát lena mbaineann a bheith in uasmhéid na bhfíneálacha.

(40) I gcás ina ndearnadh dochar do shláinte an duine de thoradh sárú ar an Rialachán seo, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na daoine aonair a ndéantar difear dóibh in ann cúiteamh maidir leis an dochar sin a éileamh agus a fháil ó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha ábhartha agus, i gcás inarb iomchuí, ó na húdaráis inniúla ábhartha atá freagrach as an sárú. Rannchuidíonn na rialacha sin maidir le cúiteamh le saothrú na gcuspóirí go ndéanfar cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú agus sláinte an duine a chosaint mar a leagtar síos in Airteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, cuireann siad bonn taca faoin gceart chun na beatha, chun sláine an duine agus chun cúraim sláinte a leagtar síos in Airteagail 2, 3 agus 35 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus faoin gceart chun leighis éifeachtaigh mar a leagtar síos in Airteagal 47 den Chairt. Thairis sin, ní thugtar le Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35] ceart chun cúitimh do pháirtithe príobháideacha de thoradh damáiste don chomhshaol ná de thoradh garbhagairt damáiste den sórt sin.

(41) Chun a áirithiú go mbeidh daoine aonair in ann a gcearta a chosaint in aghaidh dochar don tsláinte de dheasca sáruithe ar an Rialachán seo, agus ar an mbealach sin a fhorfheidhmiú níos éifeachtúla a áirithiú, ba cheart a thabhairt de chumhacht d'eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint shláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn, lena n- áirítear na heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint tomhaltóirí chun cinn agus a chomhlíonann aon cheanglas faoin dlí náisiúnta, mar bhaill den phobal lena mbaineann, páirt a ghlacadh in imeachtaí, de réir mar a chinnfidh na Ballstáit, thar ceann aon íospartaigh nó chun tacú leis, gan dochar do rialacha náisiúnta nós imeachta maidir le hionadaíocht agus cosaint os comhair na gcúirteanna. De ghnáth, bíonn neamhspleáchas nós imeachta ag na Ballstáit chun leigheas éifeachtach in aghaidh sáruithe ar dhlí an Aontais a áirithiú, faoi réir urramú phrionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta. Mar sin féin, is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil sé deacair ar íospartaigh faoi na rialacha nós imeachta maidir leis an dualgas cruthúnais is infheidhme go ginearálta sna Ballstáit, nasc cúisíoch idir an dochar a fulaingíodh agus an sárú a léiriú, cé go bhfuil an-mhórán fianaise eipidéimeolaíche ann maidir leis na tionchair dhiúltacha sláinte ar an daonra de dheasca truaillithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le haer. Dá bhrí sin, is gá an dualgas cruthúnais is infheidhme maidir leis na staideanna sin a oiriúnú. I gcás ina bhfuil duine aonair in ann fianaise sách láidir a chur ar fáil as a dtagann toimhde gurb é an sárú ar an Rialachán seo is bunús leis an dochar a rinneadh do shláinte duine aonair, nó gur chuir sé go mór leis, ba cheart don chosantóir an toimhde sin a bhréagnú chun a dhliteanas a sheachaint.

(42) Chun an dul chun cinn teicniúil agus forbairtí eolaíocha a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 de CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le leasú na nIarscríbhinní. Tá sé tábhachtach,

---

35 Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas (IO L 143, 30.4.2004, lch. 56).

go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n- áirítear é sin a dhéanamh ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[36]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(43) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i leith faisnéis ar chur chun feidhme an Rialacháin seo a thuairisciú.

(44) Chun tréimhse leordhóthanach a sholáthar d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'iompróirí ar de chuid an Aontais agus d'iompróirí nach de chuid an Aontais iad chun oiriúnú do na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart a chur i bhfeidhm a chur siar.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

**Airteagal 1**

**Ábhar agus raon feidhme**

1. Leis an Rialachán seo leagtar síos oibleagáidí maidir le millíní plaisteacha a láimhseáil ag gach céim den slabhra soláthair chun caillteanas a chosc.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na hábhair seo a leanas:

   (a) oibreoirí eacnamaíocha a láimhseálann millíní plaisteacha san Aontas i gcainníochtaí os cionn 5 thona sa bhliain féilire roimhe;

   (b) iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad a iompraíonn millíní plaisteacha san Aontas.

**Airteagal 2**

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'millín plaisteach' mais bheag d'ábhar múnlaithe réamhfhoirmithe ina bhfuil polaiméir, ar thoisí cuibheasach aonfhoirmeach i luchtóg ar leith, a úsáidtear mar bhunábhar in oibríochtaí monaraíochta táirgí plaisteacha;

(b) ciallaíonn 'doirteadh' éalú aon uaire millíní plaisteacha ó imshrianadh príomhúil;

[36] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(c) ciallaíonn ‘caillteanas’ éalú aon uaire nó fada millíní plaisteacha ó theorainn suiteála chuig an gcomhshaol nó ó fheithiclí bóthair, vaigíní iarnróid nó soithí uiscebhealaí intíre a iompraíonn millíní plaisteacha;

(d) ciallaíonn ‘suiteáil’ aon áitreabh, struchtúr, timpeallacht nó áit ar laistigh de a ndéantar gníomhaíocht eacnamaíoch amháin nó níos mó a bhaineann le millíní plaisteacha a láimhseáil;

(e) ciallaíonn ‘oibreoir eacnamaíoch’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a oibríonn nó a rialaíonn an tsuiteáil i bpáirt nó ina hiomláine, nó, i gcás ina bhforáiltear maidir leis sin sa dlí náisiúnta, duine ar tarmligeadh dó cumhacht chinntitheach eacnamaíoch ar fheidhmiú teicniúil na suiteála;

(f) ciallaíonn ‘iompróir de chuid an Aontais’ aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach atá bunaithe i mBallstát, a ghabhann d’iompar millíní plaisteacha mar chuid dá ghníomhaíocht eacnamaíoch trí úsáid a bhaint as feithiclí bóthair, vaigíní iarnróid nó soithí uiscebhealaí intíre;

(g) ciallaíonn ‘iompróir nach de chuid an Aontais é’ aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach atá bunaithe i dtríú tír, a ghabhann d’iompar millíní plaisteacha mar chuid dá ghníomhaíocht eacnamaíoch san Aontas trí úsáid a bhaint as feithiclí bóthair, vaigíní iarnróid nó soithí uiscebhealaí intíre;

(h) ciallaíonn ‘micrifhiontar, fiontar beag nó meánmhéide’ micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide de réir bhrí na hIarscríbhinne a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[37];

(i) ciallaíonn ‘fiontar mór’ fiontar nach micrifhiontar, fiontar beag nó meánmhéide é;

(j) ciallaíonn ‘údarás inniúil’ údarás nó comhlacht atá ainmnithe ag Ballstát chun a oibleagáidí faoin Rialachán seo a dhéanamh;

(k) ciallaíonn ‘deimhnitheoir’ aon cheann díobh seo a leanas:

    (i) comhlacht um measúnú comhréireachta arna shainmhíniú in Airteagal 2(13) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38], nó aon chomhlachas nó grúpa eile de chomhlachtaí den sórt sin, a bhfuil creidiúnú faighte aige i gcomhréir leis an Rialachán seo;

    (ii) fíoraitheoir comhshaoil arna shainmhíniú in Airteagal 2(20), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009;

(l) ciallaíonn ‘measúnú comhréireachta’ an próiseas lena léirítear cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann suiteáil na rialacha is infheidhme den Rialachán seo agus de na gníomhartha tarmligthe a ghlactar ar a bhonn sin;

## Airteagal 3

## Oibleagáidí ginearálta

[37] Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

[38] Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n- aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

1. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad go seachnófar caillteanas. I gcás ina dtarlaíonn caillteanas, déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad gníomhaíocht láithreach chun na caillteanas sin a ghlanadh.

2. Tabharfaidh oibreoirí eacnamaíocha agus iompróirí de chuid an Aontais fógra don údarás inniúil, ar an mbealach arna chinneadh ag an údarás inniúil sin, faoi gach suiteáil dá n- oibríonn siad agus faoin uair a bheidh siad ag gabháil d'iompar millíní plaisteacha, de réir mar is infheidhme.

3. Tabharfaidh oibreoirí eacnamaíocha agus iompróirí de chuid an Aontais fógra d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe faoi aon athrú suntasach ar a suiteálacha agus ar a ngníomhaíochtaí a bhaineann le millíní plaisteacha a láimhseáil, lena n- áirítear aon chás ina ndúntar suiteáil atá ann cheana.

4. Déanfaidh údaráis inniúla clár poiblí a bhunú agus a choinneáil ar bun ina mbeidh an fhaisnéis arna fáil acu i gcomhréir le míreanna 3 agus 4.

**Airteagal 4**

**Oibleagáidí maidir le millíní plaisteacha a láimhseáil**

1. Déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) plean measúnaithe a leagan síos i gcás gach suiteála i gcomhréir le hIarscríbhinn I agus cineál agus méid na suiteála chomh maith le scála a hoibríochtaí á gcur san áireamh;

(b) an trealamh a shuiteáil agus na nósanna imeachta a fhorghníomhú, arb iad na nósanna imeachta ar a dtugtar tuairisc sa phlean measúnaithe riosca dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) fógra a thabhairt faoin bplean measúnaithe riosca dá dtagraítear i bpointe (a) d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an tsuiteáil lonnaithe in éineacht le féindearbhú comhréireachta arna eisiúint i gcomhréir leis an bhfoirm shamplach a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Coimeádfaidh oibreoirí eacnamaíocha an plean measúnaithe riosca cothrom le dáta, agus go háirithe na laigí á gcur san áireamh ar laigí iad a shainaithnítear trína dtaithí ar mhillíní plaisteacha a láimhseáil, agus cuirfidh siad an plean sin ar fáil d'údaráis inniúla ach í a éileamh.

2. Oibreoirí eacnamaíocha ar fiontair mheánmhéide agus mhóra iad a oibríonn suiteálacha inar láimhseáladh cainníochtaí millíní plaisteacha faoi bhun 1 000 tona sa bhliain féilire roimhe nó ar micrifhiontair nó fiontair bheaga iad, tabharfaidh siad fógra faoi uasdátú ar an bplean measúnaithe riosca i gcás gach suiteála mar aon le hathnuachan ar an bhféindearbhú comhréireachta don údarás inniúil gach 5 bliana ón bhfógra deireanach.

3. Féadfaidh údaráis inniúla é a chur de cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:

(a) athrú a dhéanamh ar phleananna measúnaithe riosca a fógraíodh i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 chun a áirithiú gur féidir an caillteanas a chosc go

héifeachtach nó, i gcás inarb iomchuí, a imshrianadh agus a ghlanadh agus go gcomhlíonfar Iarscríbhinn I;

(b) aon cheann de na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a chur chun feidhme go tráthúil.

4. Déanfaidh údaráis inniúla clár a bhunú, a choinneáil ar bun agus a thabhairt cothrom le dáta, ar clár é ina mbeidh na pleananna measúnaithe riosca agus na féindearbhuithe comhréireachta a fógraíodh i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo. Beidh an clár ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin.

5. Áiritheoidh iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad go gcuirfear na gníomhaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn III chun feidhme le linn oibríochtaí luchtaithe agus díluchtaithe, turais iompair, agus oibríochtaí glantacháin agus cothabhála.

6. Nuair a chuireann oibreoirí eacnamaíocha na gníomhaíochtaí chun feidhme a leagtar amach sa phlean measúnaithe riosca arna leagan síos i gcomhréir le hIarscríbhinn I agus nuair a chuireann na hiompróirí ar de chuid an Aontais iad agus na hiompróirí nach de chuid an Aontais iad na gníomhaíochtaí a leagtar síos in Iarscríbhinn III chun feidhme, déanfaidh siad bearta, san ord tosaíochta seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí chun doirteadh a chosc

(b) gníomhaíochtaí chun doirteadh a imshrianadh i dtreo nach n-eascróidh caillteanas astu;

(c) gníomhaíochtaí chun glantachán a dhéanamh tar éis doirte nó caillteanais.

7. Beidh na hoibleagáidí seo a leanas ar oibreoirí eacnamaíocha agus iompróirí de chuid an Aontais:

(a) a áirithiú go gcuirfear oiliúint ar a bhfoireann de réir a ról agus a bhfreagrachtaí sonracha agus go mbeidh siad ar an eolas faoin trealamh ábhartha agus in ann é a úsáid agus na nósanna imeachta a fhorghníomhú, ar nósanna imeachta iad a leagtar amach chun comhlíontacht leis an Rialachán seo a áirithiú;

(b) taifead a choimeád ar na gníomhaíochtaí a dhéantar chun na hoibleagáidí a leagtar amach san Airteagal seo a chomhlíonadh;

(c) taifid a choimeád ar mheastacháin a dhéantar go bliantúil faoi chainníochtaí an chaillteanais agus faoi mhéid iomlán na millíní plaisteacha a láimhseáiltear.

Ó 6 mhí tar éis fhoilsiú an chaighdeáin chomhchuibhithe ábhartha in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ó dháta chur i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 13(2) den Rialachán seo, déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha meastachán faoi chainníochtaí an chaillteanais dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (c) i gcomhréir leis an modheolaíocht chaighdeánaithe dá dtagraítear in Airteagal 13.

Coinneoidh oibreoirí eacnamaíocha agus iompróirí de chuid an Aontais taifid dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c) den mhír seo ar feadh tréimhse 5 bliana agus cuirfidh siad ar fáil d'údaráis inniúla iad agus, i gcás inarb infheidhme, do dheimhnitheoirí ach iad a éileamh.

8. I gcás ina dteipeann ar ghníomhaíocht a dhéantar chun doirteadh agus caillteanas a chosc, a imshrianadh agus a ghlanadh, déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad gníomhartha ceartaitheacha, a luaithe is féidir.

9. Gach bliain, oibreoirí nach micrifhiontair ná fiontair bheaga iad agus a oibríonn suiteálacha inar láimhseáladh millíní plaisteacha i gcainníochtaí os cionn 1 000 tona sa bhliain féilire roimhe, déanfaidh siad, i gcás gach suiteála, measúnú inmheánach ar staid chomhlíontacht na suiteála le ceanglais an phlean measúnaithe riosca a leagtar síos in Iarscríbhinn I. Leis an measúnú inmheánach, féadfar na hábhair seo a leanas a chumhdach, i measc ábhair eile:

(a) cainníochtaí agus cúiseanna measta an chaillteanais;

(b) trealamh agus/nó nósanna imeachta coisctheacha, imshrianta agus glantacháin arna gcur chun feidhme chun caillteanas amach anseo a sheachaint, agus a n- éifeachtacht;

(c) plé leis an bpearsanra, cigireachtaí ar threalamh agus ar nósanna imeachta atá i bhfeidhm agus athbhreithniú ar aon doiciméadacht ábhartha.

**Airteagal 5**

**Deimhniú**

1. Faoin … [*Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], agus gach 3 bliana dá éis sin, oibreoirí eacnamaíocha ar fiontair mhóra iad, léireoidh siad maidir le gach suiteáil inar láimhseáladh millíní plaisteacha i gcainníochtaí os cionn 1 000 tona sa bhliain féilire roimhe, go bhfuil an tsuiteáil sin comhlíontach leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn I, trí dheimhniú arna eisiúint ag deimhnitheoir a fháil.

2. Faoin ... [*Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = 36 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], agus gach 4 bliana dá éis sin, oibreoirí eacnamaíocha ar fiontair mheánmhéide iad, léireoidh siad maidir le gach suiteáil inar láimhseáladh millíní plaisteacha i gcainníochtaí os cionn 1 000 tona sa bhliain féilire roimhe, go bhfuil an tsuiteáil sin comhlíontach leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn I, trí dheimhniú arna eisiúint ag deimhnitheoir a fháil.

3. Déanfaidh deimhnitheoirí spotseiceálacha chun a áirithiú maidir leis na bearta uile sa phlean measúnaithe riosca arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hIarscríbhinn I, go gcuirtear chun feidhme go cuí iad.

4. Comhlíonfaidh na deimhnithe na ceanglais seo a leanas:

(a) eiseofar iad i gcomhréir leis an bhfoirm shamplach a leagtar amach in Iarscríbhinn IV agus i bhfoirm leictreonach;

(b) sonróidh siad an t- oibreoir eacnamaíoch, an tsuiteáil a chumhdaítear leis an deimhniú, dáta na spotseiceálacha a dhéantar, agus an tréimhse bhailíochta;

(c) deimhneoidh siad comhréireacht na suiteála a chumhdaítear leis an deimhniú leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn I;

5. Gan moill mhíchuí, tabharfaidh deimhnitheoirí fógra don údarás inniúil faoin méid seo a leanas:

(a) deimhnithe arna n- eisiúint;

(b) deimhnithe arna gcur ar fionraí nó arna dtarraingt siar;

(c) athruithe ar dheimhnithe.

Déanfaidh údaráis inniúla clár deimhnithe a bhunú agus a choinneáil ar bun agus a choimeád cothrom le dáta. Beidh an clár ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin.

## Airteagal 6

## Córais bainistithe comhshaoil

Oibreoirí eacnamaíocha atá cláraithe faoin Scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009, tá siad díolmhaithe ó chomhlíontacht leis an oibleagáid um fhógra a leagtar síos in Airteagal 4(2) agus leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) den Rialachán seo ar choinníoll go mbeidh seiceáil déanta ag an bhfíoraitheoir comhshaoil mar a shainmhínítear in Airteagal 2(20) de Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 gur áiríodh na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn I i gcóras bainistithe comhshaoil an oibreora eacnamaíoch agus go bhfuil na ceanglais sin curtha chun feidhme.

## Airteagal 7

## Creidiúnú na ndeimhnitheoirí

Le creidiúnú na ndeimhnitheoirí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (k)(i), beidh meastóireacht ar chomhlíontacht leis na ceanglais seo a leanas:

(a) beidh an deimhnitheoir neamhspleách ar an oibreoir eacnamaíoch;

(b) an deimhnitheoir, lucht a ardbhainistíochta agus an pearsanra atá freagrach as an measúnú comhréireachta a dhéanamh, ní rachaidh siad i mbun aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht lena neamhspleáchas breithiúnais ná lena n- ionracas i ndáil leis na gníomhaíochtaí deimhniúcháin;

(c) déanfaidh an deimhnitheoir agus a phearsanra a ngníomhaíochtaí leis an ard- ionracas gairmiúil agus leis an inniúlacht theicniúil a bhíonn riachtanach agus beidh sé saor ó gach brú agus mealladh, lena n- áirítear ó thaobh airgid de, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a bhreithiúnas nó ar thorthaí a ghníomhaíochtaí deimhniúcháin;

(d) beidh an saineolas, an trealamh agus an bonneagar is gá ag an deimhnitheoir chun an measúnú comhréireachta a bhfuil sé creidiúnaithe ina leith a dhéanamh;

(e) beidh líon leordhóthanach pearsana ag an deimhnitheoir a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus an taithí chuí acu, ar pearsanra é atá freagrach as cúraimí an mheasúnaithe comhréireachta a dhéanamh;

(f) déanfaidh pearsanra deimhnitheora rúndacht ghairmiúil a urramú maidir leis an bhfaisnéis uile a fhaightear agus cúraimí an mheasúnaithe comhréireachta á ndéanamh aige;

(g) i gcás ina ndéanfaidh deimhnitheoir cúraimí sonracha a bhaineann le deimhniú a ligean ar fochonradh nó ina rachaidh sé ar iontaoibh fochuideachta, glacfaidh sé freagracht iomlán as na cúraimí a dhéanann na fochonraitheoirí nó na fochuideachtaí agus déanfaidh sé measúnú agus faireachán ar cháilíochtaí an fhochonraitheora nó na fochuideachta agus ar an obair a dhéanann siad.

## Airteagal 8

## Comhlíontacht a fhíorú agus a thuairisciú

1. Fíoróidh údaráis inniúla comhlíontacht oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo, agus an fhaisnéis á cur san áireamh arna soláthar i bhféindearbhuithe comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus (2) agus arna soláthar ag deimhnitheoirí i gcomhréir le hAirteagal 5(5). Déanfaidh na húdaráis inniúla cigireachtaí comhshaoil agus bearta fíorúcháin eile, agus cur chuige rioscabhunaithe á leanúint.

2. Faoin … ar a dhéanaí [OP cuir isteach an dáta = an 1ú lá den mhí i ndiaidh 4 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 3 bliana dá éis sin, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin ina mbeidh faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil ar chur chun feidhme an Rialacháin seo le linn na bliana féilire roimhe. Áireofar ar an bhfaisnéis sin:

   (a) an líon oibreoirí eacnamaíocha de réir mhéid an fhiontair de réir Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún agus in aghaidh na gníomhaíochta eacnamaíche, a suiteálacha, agus an líon iompróirí de chuid an Aontais agus na modhanna iompair dá gcuid arna leithdháileadh ar iompar na millíní plaisteacha;

   (b) an líon pleananna measúnaithe riosca, na féindearbhuithe a fógraíodh de bhun Airteagal 4(1) agus 4(2) agus an líon deimhnithe a fógraíodh de bhun Airteagal 5(5);

   (c) an líon cigireachtaí comhshaoil agus beart fíorúcháin eile agus a dtorthaí, ar iniúchtaí agus bearta iad arna ndéanamh faoi mhír 1 den Airteagal seo mar aon leis an líon teagmhas agus timpistí arna dtuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 9(1) agus na bearta arna ndéanamh i gcás neamhchomhlíontacht leis na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo.

3. Déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, formáid le haghaidh na dtuarascálacha dá dtagraítear i mír 2 a leagan síos.

## Airteagal 9

## Teagmhais agus timpistí

1. Gan dochar do Threoir 2004/35/CE, i gcás caillteanas teagmhasach nó de thimpiste lena ndéantar difear do shláinte an duine nó don chomhshaol, déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad na nithe seo a leanas láithreach:

   (a) an t- údarás inniúil ar ina chríoch a tharla an teagmhas nó an timpiste a chur ar an eolas mar aon le cainníochtaí measta an chaillteanais;

   (b) bearta a dhéanamh chun na hiarmhairtí sláinte nó comhshaoil a theorannú agus chun tuilleadh teagmhas nó timpistí a chosc.

2. An t- údarás inniúil ar ina chríoch a tharla an teagmhas nó an timpiste, cuirfidh sé de cheangal, i gcás inar gá, ar oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad bearta comhlántacha iomchuí a dhéanamh chun na hiarmhairtí sláinte nó comhshaoil a theorannú agus chun tuilleadh teagmhas nó timpistí a chosc.

3. I gcás aon teagmhais nó timpiste lena ndéantar difear suntasach do shláinte an duine nó don chomhshaol i mBallstát eile, cuirfidh an t- údarás inniúil ar ina chríoch a tharla an teagmhas nó an timpiste údarás inniúil an Bhallstáit eile sin ar an eolas láithreach.

**Airteagal 10**

**Neamhchomhlíonadh**

1. I gcás ina sáraítear na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo, déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad na nithe seo a leanas láithreach:

(a) an t- údarás inniúil a chur ar an eolas;

(b) na bearta a dhéanamh is gá chun a áirithiú go n- athbhunófar an chomhlíontacht laistigh den tréimhse is giorra is féidir;

(c) aon bheart comhlántach a chomhlíonadh ar beart é arna chinneadh ag an údarás inniúil de réir mar is gá chun an chomhlíontacht a athbhunú.

2. I gcás ina mbaineann contúirt láithreach do shláinte an duine le sárú na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo nó ina mbeidh bagairt i gceist leis an sárú go mbeidh sé ina údar le héifeacht dhíobhálach shuntasach ar an gcomhshaol, féadfaidh an t- údarás inniúil oibriú na suiteála a chur ar fionraí go dtí go n- athbhunófar an chomhlíontacht i gcomhréir le mír 1, pointí (b) agus (c).

**Airteagal 11**

**Údaráis inniúla a ainmniú, agus a gcumhachtaí**

1. Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil amháin nó níos mó chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú.

2. Tabharfaidh na Ballstáit cumhachtaí an iniúchta agus an fhorfheidhmithe dá n- údaráis inniúla, ar cumhachtaí iad is gá chun comhlíontacht leis an Rialachán seo a áirithiú.

3. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad ina chuid de na cumhachtaí dá dtagraítear i mír 2:

(a) an chumhacht rochtain a fháil ar dhoiciméad, sonraí nó faisnéis ábhartha ar bith a bhaineann le sárú ar an Rialachán seo, in aon fhoirm nó formáid agus gan beann ar mheán nó ionad a stórála, agus an chumhacht chun cóipeanna díobh a thógáil nó a fháil;

(b) an chumhacht é a cheangal ar aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach faisnéis, sonraí nó doiciméad ábhartha ar bith, in aon fhoirm nó formáid agus gan beann

ar mheán nó ionad a stórála, a sholáthar, chun a shuí cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh sárú ar an Rialachán seo nó an bhfuiltear á dhéanamh agus mionsonraí an tsáraithe sin;

(c) an chumhacht tús a chur le hiniúchadh ar a dtionscnamh féin chun scor de sháruithe ar an Rialachán seo nó a dtoirmeasc a thabhairt i gcrích;

(d) an chumhacht rochtain a fháil ar shuiteálacha.

4. Féadfaidh údaráis inniúla úsáid a bhaint as aon fhaisnéis, doiciméad, toradh nó ráiteas mar fhianaise chun críoch a gcigireachtaí comhshaoil agus na mbeart fíorúcháin eile dá gcuid, gan beann ar an bhformáid ná ar an meán ina stóráiltear iad.

5. I gcás ina bhfuil níos mó ná aon údarás inniúil amháin ina gcríoch, áiritheoidh na Ballstáit go mbunófar sásraí cumarsáide agus comhordaithe iomchuí.

**Airteagal 12**

**Cúnamh a bhaineann le comhlíontacht**

1. Forbróidh an Coimisiún ábhar méadaithe feasachta agus oiliúna maidir le cur chun feidhme fónta na n- oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo i gcomhairle le hionadaithe oibreoirí eacnamaíocha, iompróirí, agus deimhnitheoirí, lena n- áirítear micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide agus i gcomhar le húdaráis inniúla.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh oibreoirí eacnamaíocha agus iompróirí, go háirithe micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide, rochtain ar fhaisnéis agus ar chúnamh maidir le comhlíontacht leis an Rialachán seo.

Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair, féadfaidh an cúnamh dá dtagraítear sa chéad fhomhír a bheith sna foirmeacha seo a leanas:

(a) tacaíocht airgeadais;

(b) rochtain ar mhaoiniú;

(c) bainistíocht speisialaithe agus oiliúint foirne;

(d) cúnamh oibríochtúil agus teicniúil.

3. Spreagfaidh na Ballstáit cláir oiliúna ar mhaithe le cáiliú phearsanra na ndeimhnitheoirí.

**Airteagal 13**

**Modheolaíocht chaighdeánaithe**

1. Chun an oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 4(7), an chéad fhomhír, pointe (c) a chomhlíonadh, forbrófar modheolaíocht chun meastachán a dhéanamh faoi chainníochtaí an chaillteanais i gcaighdeáin chomhchuibhithe i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012.

2. I gcás nach nglacann aon eagraíocht Eorpach um chaighdeánú leis an iarraidh chun caighdeán comhchuibhithe a tharraingt suas nó i gcás ina mbreithníonn an Coimisiún nach gcomhlíonfaidh an caighdeán atá beartaithe na ceanglais arb é is aidhm a

chumhdach, leagfaidh an Coimisiún an mhodheolaíocht dá dtagraítear mír 1 síos trí Ghníomh cur chun feidhme.

## Airteagal 14

## Gearáin a láimhseáil agus rochtain ar an gceartas

1. Daoine nádúrtha nó dlítheanacha nó eagraíochtaí a mheastar faoin dlí náisiúnta go bhfuil leas leordhóthanach acu nó iad sin a mheasann gur sáraíodh a gcearta, beidh siad i dteideal gearáin chuí- réasúnaithe a chur faoi bhráid na n- údarás inniúil i gcás ina measann siad, ar bhonn imthosca oibiachtúla, nach bhfuil oibreoir eacnamaíoch, iompróir ar de chuid an Aontais é nó iompróir nach de chuid an Aontais é ag comhlíonadh fhorálacha an Rialacháin seo.

Chun críocha na chéad fhomhíre, maidir le heintitis neamhrialtasacha nó eagraíochtaí a chuireann sláinte an duine, cosaint an chomhshaoil nó cosaint tomhaltóirí chun cinn agus a chomhlíonann aon cheanglas faoin dlí náisiúnta, measfar gur leordhóthanach a leas.

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar an ngearán cuí-réasúnaithe dá dtagraítear i mír 1 agus, i gcás inar gá, déanfaidh siad na bearta is gá, lena n- áirítear cigireachtaí ar an duine nó ar an eagraíocht nó éisteachtaí uathu, d'fhonn na gearáin sin a fhíorú. Má chinntear go bhfuil bunús leis an ngearán, déanfaidh na húdaráis inniúla na gníomhaíochtaí is gá i gcomhréir le hAirteagal 4(3).

3. Déanfaidh na húdaráis inniúla, a luaithe is féidir, an duine nó an eagraíocht dá dtagraítear i mír 1 agus a chuir gearán faoi bhráid an údaráis a chur ar an eolas, faoina chinneadh aontú don iarraidh ar ghníomhaíocht a cuireadh chun cinn sa ghearán nó diúltú don iarraidh sin, agus soláthróidh siad na cúiseanna leis sin.

4. Áiritheoidh na Ballstáit, maidir le duine nó eagraíocht dá dtagraítear i mír 1 a chuireann gearán cuí-réasúnaithe isteach, go mbeidh rochtain acu ar chúirt nó ar chomhlacht poiblí neamhspleách neamhchlaonta eile atá inniúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht ghnásúil agus shubstainteach aon chinnidh maidir leis an ngearán sin, mar aon le dlíthiúlacht ghnásúil agus shubstainteach chinntí, ghníomhartha nó neamhghníomh an údaráis inniúil faoin Rialachán seo, gan dochar d'aon fhoráil den dlí náisiúnta lena gceanglaítear nach mór nósanna imeachta um athbhreithniú riaracháin a bheith ídithe sula dtéitear ar iontaoibh imeachtaí breithiúnacha. Beidh na nósanna imeachta sin um athbhreithniú cóir, cothrom, tráthúil agus saor in aisce nó ní bheidh siad i bhfad róchostasach, agus soláthrófar leo leigheasanna leordhóthanacha agus éifeachtacha, lena n- áirítear faoiseamh urghaire i gcás inar gá.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis phraiticiúil ar fáil don phobal maidir le rochtain ar na nósanna imeachta um athbhreithniú riaracháin agus athbhreithniú breithiúnach dá dtagraítear san Airteagal seo.

## Airteagal 15

## Pionóis

1. Gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát faoi Threoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39], leagfaidh na Ballstáit rialacha síos a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus glacfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

2. Áireofar ar na pionóis dá dtagraítear i mír 1 fíneálacha atá comhréireach le láimhdeachas an duine dhlítheanaigh nó le hioncam an duine nádúrtha a rinne an sárú. Ríomhfar leibhéal na bhfíneálacha ar bhealach chun a áirithiú go gceiltear go héifeachtach ar an duine atá freagrach as na sáruithe na leasanna eacnamaíocha a bhaint as na sáruithe sin. Déanfar leibhéal na bhfíneálacha a mhéadú de réir a chéile i gcás sáruithe a dhéanfar arís agus arís eile. I gcás sárú arna dhéanamh ag duine dlítheanach, maidir le huasmhéid na bhfíneálacha is é 4 % ar a laghad de láimhdeachas bliantúil an oibreora eacnamaíoch sa Bhallstát lena mbaineann sa bhliain ghnó roimh chinneadh na fíneála a bheidh san uasmhéid sin.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar aird chuí ar na nithe seo a leanas sna pionóis a leagfar síos de bhun an Airteagail seo, de réir mar is infheidhme:

(a) cineál, tromchúis agus méid an tsáraithe;

(b) an sárú a bheith d'aon ghnó nó faillíoch;

(c) an daonra nó an comhshaol dá ndéanann an sárú difear, agus aird á tabhairt ar thionchar an tsáraithe ar an gcuspóir ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach;

(d) staid airgeadais an oibreora eacnamaíoch, an iompróra ar de chuid an Aontais é agus an iompróra nach de chuid an Aontais é a bhreithnítear a bheith freagrach.

### Airteagal 16

### Cúiteamh

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndearnadh dochar do shláinte an duine de dheasca sárú ar an Rialachán seo, go bhfuil an ceart ag na daoine aonair a ndéantar difear dóibh cúiteamh maidir leis an dochar sin a éileamh agus a fháil ó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha ábhartha agus, i gcás inarb iomchuí, ó na húdaráis inniúla ábhartha atá freagrach as an sárú.

2. Maidir le heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint shláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn agus a chomhlíonann aon cheanglas faoin dlí náisiúnta, áiritheoidh na Ballstáit go gceadófar dóibh, mar chuid den phobal lena mbaineann, ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na ndaoine aonair a ndéantar difear dóibh agus gníomhaíochtaí comhchoiteanna le haghaidh cúitimh a thionscnamh. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhféadfar éileamh mar gheall ar shárú a dtagann dochar as a shaothrú faoi dhó, eadhon ag na daoine aonair a ndéantar difear dóibh agus ag na heagraíochtaí neamhrialtasacha dá dtagraítear sa mhír seo.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar rialacha náisiúnta agus nósanna imeachta náisiúnta a bhaineann le héilimh ar chúiteamh a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ar

[39] Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (IO L 328, 6.12.2008, lch. 28).

bhealach nach mbeidh sé dodhéanta nó ródheacair an ceart chun cúitimh a fheidhmiú i gcás dochar arb é sárú is cúis leis de bhun mhír 1.

4. I gcás ina mbíonn an t-éileamh ar chúiteamh dá dtagraítear i mír 1, ar éileamh é a mbeidh fianaise ag tacú leis ónar féidir nasc cúisíoch idir an dochar agus an sárú a thoimhdiú, áiritheoidh na Ballstáit gur ar an duine atá freagrach as an sárú a bheidh an dualgas a chruthú nach raibh an sárú ina chúis leis an dochar ná nár chuir sé leis an dochar.

5. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh na tréimhsí teorann chun éilimh a thionscnamh le haghaidh an chúitimh dá dtagraítear i mír 1 níos giorra ná 5 bliana. Ní chuirfear tús leis na tréimhsí sin sula mbeidh deireadh leis an sárú agus sula mbeidh a fhios ag an duine a éileoidh an cúiteamh gur bhain dochar dó nó di de dheasca sárú de bhun mhír 1, nó gur féidir coinne réasúnta a bheith leis go mbeidh a fhios aige nó aici faoi sin.

**Airteagal 17**

**Leasuithe ar na hIarscríbhinní**

Cumhachtaítear an Coimisiún le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 lena leasaítear Iarscríbhinní I go IV, chun an dul chun cinn teicniúil agus forbairtí eolaíocha a chur san áireamh.

Agus na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír á nglacadh, cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas san áireamh:

(a) an taithí a fhaightear ó chur chun feidhme na n- oibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5;

(b) caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta;

(c) sainiúlachtaí na n- earnálacha gníomhaíochta;

(d) riachtanais shonracha na micrifhiontar agus na bhfiontar beag agus meánmhéide.

**Airteagal 18**

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 17 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón [OP, cuir isteach an dáta = an 1ú lá den mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas i leith tharmligean na cumhachta. Cuirfear síneadh le tarmligean na cumhachta go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an tsínidh sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 17 a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh

sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 17 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

**Airteagal 19**

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo [*Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*]. Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 3(1) ón [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*